# Tuarascáil Bhliantúil 2006

AN BORD UM CHÚNAMH DLÍTHIÚIL



# Ár Misean:

Chun seirbhís um chúnamh agus chomhairle dhlíthiúil atá gairmiúil, éifeachtach, costéifeachtúil agus insroichte a chur ar fáil.

# Ár Sprioc:

01 Chun seirbhís ghairmiúil, insroichte ar ardchaighdeán a chur ar fáil.

02 A chinntiú go bhfuil an Bord nuálaíoch agus freagrúil ina chur chuige i leith seachadta éifeachtúil seirbhíse.

03 Seirbhísí a chur ar fáil i dtimpeallacht atá iomchuí don ghnó atá idir lámha ag an mBord.

04 Próiseas éifeachtach a bhaineann le faisnéis, oideachas agus cumarsáid phoiblí a chur i bhfeidhm.

05 Cumas an Bhoird a fhorbairt maidir le seirbhís ghairmiúil ar ardchaighdeán a chur ar fáil.

06 Cumas na heagraíochta a fhorbairt chun freagairt go dearfach do thimpeallacht athraitheach oibre.

07 Chun an úsáid is fearr a bhaint as na hacmhainní airgeadais agus oibrithe atá leithdháilte ar an mBord agus chun luach ar airgead a chinntiú.

# Clár na nÁbhar:


| | |
|---|---|
| Forbhreathnú | 2 |
| Brollach an Chathaoirligh | 4 |
| An Bord | 6 |
| Foireann Fheidhmeannach na Ceannoifige | 7 |
| Gnóthachtáil agus Forbairtí Lárnacha i 2006 | 8 |
| Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach | 10 |
| Foireann an Bhoird | 12 |
| Forbairtí Foirne i 2006 | 13 |
| Seirbhísí a Soláthraíodh i 2006 | 14 |
| Forbairt na Seirbhíse um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta | 22 |
| Seachadach Seirbhísí a Chumasú | 24 |
| Airgeadas | 28 |
| Aguisín 1 – Ráitis Airgeadais | 30 |
| Aguisín 2 – Staitisticí Breise | 46 |
| Aguisín 3 – Liosta d'Ionaid Dlí | 48 |

# Forbhreathnú

## 01 Feidhm agus cuspóir

Is é an Bord um Chúnamh Dlíthiúil an comhlacht reachtúil, neamhspleách atá freagrach as cúnamh agus comhairle dhlíthiúil shibhialta a chur ar fáil do dhaoine a bhfuil easpa acmhainní orthu de réir fhorálacha an Achta um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta,1995.

Is ionann cúnamh dlíthiúil agus aon chomhairle ó bhéal nó scríofa a thugann dlíodóir nó abhcóide, scríobh litreacha agus idirbheartaíochtaí san áireamh.

Is ionann cúnamh dlíthiúil agus uiríoll dlíodóra nó abhcóide a dhéanamh do dhuine in imeachtaí cúirte. Caithfidh duine teastas um chúnamh dlíthiúil a fháil ar dtús, a luann céard iad na seirbhísí dlíthiúla atá á mbronnadh, agus caithfidh sé/sí an ranníocaíocht um chúnamh dhlíthiúil atá luaite ar an teastas a íoc.

## 02 Soláthar seirbhíse

Bíonn comhairle agus cúnamh dhlíthiúil á gcur ar fáil go príomha ag dlíodóirí atá fostaithe ag an mBord in ionaid dlí. Bíonn seirbhís chúnta á cur ar fáil ag dlíodóirí atá i gceangal leis an mBord ina gcleachtas príobháideach ar bhunús cás ar cás.

Cuirtear an tseirbhís ar fáil ar bhonn náisiúnta ó 33 ionad dlí lánaimseartha agus 12 ionad dlí páirtaimseartha, ina gcorpraítear trí ionad dlí lánaimseartha ina n-áirítear an tSeirbhís Dhlíthiúil do Dhídeanaithe (SDD). I dteannta, i 2006, chuir an Bord freisin Aonad Faillí Míochaine i bhfeidhm a oibríonn mar sainionad dlí chun déileáil le cásanna san earnáil leighis.

Tá seirbhís speisialtóireachta dár teideal an t-Ionad Doiciméadaithe do Dhídeanaithe (IDD) á oibriú ag an mBord chomh maith. Cuireann sé seo seirbhís taighde agus leabharlannaíochta ar fáil atá gairmiúil agus neamhspleách do na príomhchomhlachtaí go léir a bhíonn páirteach sa phróiseas tearmainn.

## 03 Teacht ar na seirbhísí dlí

Caithfidh duine atá ag lorg seirbhísí dlíthiúla iarratas a chur ag aon cheann de na hionaid in Aguisín 3 agus caithfidh sé/sí foirm a líonadh isteach a luann an t-ábhar a bhfuil an chomhairle agus/nó an cúnamh dlíthiúil á lorg lena aghaidh, chomh maith le sonraí faoina (h)ioncam agus aon acmhainní caipitil atá aige/aici.

Tá sé d'aidhm ag an mBord a chinntiú go dtairgfear coinne le dlíodóir don té atá i dteideal, ó thaobh acmhainní airgeadais de, don tseirbhís taobh istigh de thréimhse cheithre mhí ar a mhéad ón am a gcríochnaítear an t-iarratas. I gcásanna áirithe, cuirtear seirbhís tosaíochta ar fáil.

## 04 Íocaíocht do sheirbhísí dlíthiúla

Caithfidh gach duine a dtugtar comhairle nó/agus cúnamh dlíthiúil dó/dí, ranníocaíocht a íoc leis an mBord. Déantar measúnú ar an ranníocaíocht do chomhairle dhlíthiúil bunaithe ar ioncam indiúscartha an iarrthóra i.e. a (h)ioncam tar éis asbhaintí áirithe. Déantar measúnú ar an ranníocaíocht do chúnamh dhlíthiúil bunaithe ar ioncam agus caipiteal indiúscartha an iarrthóra. Uaidh 1 Meán Fómhair 2006, beidh íos-ranníocaíocht de €10 ar chomhairle dhlíthiúil agus €50 ar chúnamh dlíthiúil. Tugann an t-ionad dlí nó Ionad na gCleachtóirí Príobháideacha comhairle don duine faoin ranníocaíocht a bheidh i gceist i ngach cás. I gcás go bhfaigheadh duine airgead nó sealúchas ar ais mar thoradh ar an gcás, d'fhéadfeadh an Bord an costas a bhaineann lena seirbhísí dlíthiúla curtha ar fáil acu a lorg ar ais.

# 05 Ceannoifig

Tá Ceannoifig an Bhoird suite i gCathair Saidhbhín, i gContae Chiarraí áit a bhfuil 50 ball foirne lonnaithe. Tá cuid d'fheidhmeanna na ceannoifige lonnaithe i mBaile Átha Cliath freisin.

# 06 Socruithe rialaithe

Tá an Bord reachtúil ceaptha ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus tá sé freagrach as:

- treo straitéiseach na heagraíochta;
- beartas a shocrú agus monatóireacht a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm;
- maoirseacht a dhéanamh ar bhainistiú cóir agus éifeachtúil na heagraíochta;
- monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm nósanna imeachta éifeachtúla airgeadais agus chun freagracht a chur ar fáil;
- ceadú agus monatóireacht na mbuiséad, agus
- cinntí coinnithe áirithe a dhéanamh.

Cuimsíonn an Bord Cathaoirleach agus 12 gnáthbhall.

Leanann an Bord de bheith ag coinneáil na gcaighdeán um rialú corparáideach mar atá leagtha amach sa *Chód Cleachtais um Rialú na gComhlachtaí Stáit.* Is é atá i gceist leis seo ná:

- go n-úsáidtear seacht gcoiste ag leibhéal an Bhoird chun cabhrú leis a chuid cuspóirí a bhaint amach agus chun a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtúil (féach thíos);
- Roinnt sainmhínithe ar rólanna idir an Bord, an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach;
- tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire a shásaíonn riachtanais an Chóid;
- go mbeadh feidhm iniúchta inmheánach ann a oibríonn go héifeachtúil agus mar is gá, agus
- cód iompair, a chuimsíonn nósanna imeachta chun déileáil le haon cheisteanna maidir le coinbhleacht leasa.

I 2006 bhí 10 gcruinniú ag an mBord – 5 acu i gCathair Saidhbhín agus 5 i mBaile Átha Cliath. Tháinig fochoistí an Bhoird le chéile mar seo leanas:

| Fochoiste | Líon cruinnithe a reachtáladh |
|---|---|
| Coiste na nAchomharc | 11 |
| An Coiste Airgeadais | 6 |
| An Coiste Iniúchta | 6 |
| Coiste na nDlíodóirí | 6 |
| An Coiste Acmhainní Daonna | 1 |

Forbraíodh Lámhleabhair um Rialachas Chorparáideach i 2006 chun achoimre soiléir agus cuimsitheach a chur ar fáil maidir leis na príomhghnéithe a bhaineann le rialachas corparáideach mar a théann sé i bhfeidhm ar an mBord agus ar an mbainistíocht shinsearach. Tá sé ar intinn freisin go gcinnteofaí go mbeadh baill an Bhoird ar an eolas go hiomlán maidir lena bhfreagrachtaí dlíthiúla agus go bhfuil taithí acu ar na forálacha reachtúla a bhaineann lena n-ionad agus na ceisteanna tábhachtacha eagraíochtúla, na beartais agus na straitéis ar a bhfuil a ról bunaithe.



# Brollach an Chathaoirligh



Tá an-áthas orm bheith in ann a thuairisciú gur lean an Bord um Chúnamh Dlíthiúil leis an bhfeabhas i leibhéal na seirbhíse a sheachadann sé i 2006, ag tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh an bhliain roimhe sin. I mbliain nuair a bhí uimhir iomlán na ndaoine a fuair cúnamh gar do 17,500, laghdaigh an tréimhse fanachta chun coinne a fháil i 21 ionad dlí. Faoi dheireadh na bliana, bhí an Bord ag baint amach na sprice atá aige chun coinnithe tosaigh a chur ar fáil taobh istigh d'uasthréimhse ama de idir 2 agus 4 mhí. Bhí laghdú breise freisin in uimhir na ndaoine ag fanacht le seirbhís faoi dheireadh na bliana.



## I dtéarmaí rialachais, cheap an tAire Bord nua reachtúil i Nollaig 2006 mar go raibh téarma an Bhoird roimhe sin thuas i Deireadh Fómhair. Ar bhonn pearsanta, b'onóir dom gur athcheapadh mar Chathaoirleach mé.

Tharla sé seo in aghaidh cúlra de mhéadú i dteorannacha do cháilíocht airgeadais do chúnamh dlíthiúil, a tháinig i bhfeidhm i Meán Fómhair ar bhonn Rialacháin a shínigh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ina dhlí. D'ardaigh siad seo an t-uasmhéid d'ioncam indiúscartha atá ceadaithe, chomh maith leis na liúntais inríofa, d'iarratasóir ar chúnamh dlíthiúil agus ag an am céanna ag tógáil luach theach an iarratasóra as an áireamh i measúnú acmhainní caipitil.

Go héifeachtach, chiallaigh na hathruithe seo gur tháinig méadú ar líon na ndaoine gur féidir leo rochtain a dhéanamh ar sheirbhísí an Bhoird. Cé nár tháinig na hathruithe i bhfeidhm ach i Meán Fómhair, tháinig méadú de níos mó ná 7% ar uimhir na gcásanna ar déileáladh leo in ionaid dlí i 2006 go 13,154.

Lean an tSeirbhís Dhlíthiúil do Theifigh ag cur seirbhís a bhí láithreach, neamhspleách, agus gairmiúil ar fáil do lucht iarrtha tearmainn ag gach céim den phróiseas tearmainn. Chláraigh thart ar 3,000 cliant nua do sheirbhísí an bhliain seo caite - cothrom le beagnach 70% d'iarratais nua ar thearmann. Léirigh sé seo titim ar líon na gclárúchán nua i gcomparáid le 2005,ag léiriú páirtíocht níos mó ag aturnaetha i gcleachtas príobháideach sa réimse seo den chleachtas dlíthiúil agus uimhir níos lú de lucht iarrtha tearmainn i gcoitinne.

I dtéarmaí rialachais, cheap an tAire Bord nua reachtúil i Nollaig 2006 mar go raibh téarma an Bhoird roimhe sin thuas i Deireadh Fómhair. Ar bhonn pearsanta, b'onóir dom gur athcheapadh mar Chathaoirleach mé. Táim ag tnúth leis an dúshlán agus le bheith ag obair go dlúth le mo chomhghleacaithe ar an mBord, iad seo atá nuacheaptha chomh maith leo siúd a bhí ar an mBord roimhe seo. Beidh an Bord faoi threoir an Lámhleabhair thiomnaithe um Rialachas Chorparáideach ar glacadh leis i 2006. Cuireann sé seo ráiteas soiléir agus cuimsitheach ar fáil maidir leis na príomhghnéithe a bhaineann le rialachas corparáideach mar a théann sé i bhfeidhm ar an mBord. Cabhraíonn sé freisin chun deimhin a dhéanamh de go baill an Bhoird eolach ar na freagrachtaí dlíthiúla agus na forálacha reachtúla a bhaineann lena ról.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghlacadh arís leis an mBord a bhí ann roimhe seo as ucht a gcuid iarrachtaí agus a ndúthracht i 2006 agus go deimhin, sna blianta roimhe sin. Ba mhaith liom freisin príomhoifigeach agus foireann an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil a mholadh as ucht chomh maith is a chruthaigh an eagraíocht maidir le seachadadh a príomhspriocanna i 2006 agus a ndúthracht i leith na hoibre sin. Is díol mór dóchais don todhchaí an méid tiomantais agus solúbthacht a léiríodh i mbliain a bhí dúshlánach.

Anne Colley
Cathaoirleach
Iúil 2007

# An Bord



Anne Colley*
Cathaoirleach



David Barniville*
Abhcóide Sinsearach



Bob Browne
Rúnaí Cúnta, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí



Dr Michael Buckley
Lia Comhairleach
Ar Scor

Ceapadh Bord nua reachtúil i Nollaig 2006 ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí tar éis críoch teacht le téarma 5 bliana an Bhoird a bhí ann roimhe sin. Is iad baill an Bhoird a raibh críoch lena dtéarma oifige i Deireadh Fómhair ná

Anne Colley (Cathaoirleach), Caoimhín Ó hUginnn, Catherine Hazlett, Lucille Fahy, Una Doyle O'Sullivan, Brendan T. Looby, David Barniville, Tony McCarthy, Frank Goodman, Ann Nolan, Catherine Egan, Nóirín Slattery, Clare Pilkington

Cuimsíonn an Bord nua na baill seo leanas:
(Iad seo atá marcáilte le *, bhí siad ar an mBord roimhe seo.)



Dara Foynes
Abhcóide



Kate Hayes
Bean Ghnó



Breege Leonard
Bainisteoir Réigiúnach, An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh



John Lindsay
Aturnae



Jerry O'Connor
Aturnae



Jim O'Farrell
Príomhoifigeach,
An Roinn Airgeadais



Eamonn Purcell
Ionadaí Foirne



Fergal Rooney
Ionadaí Foirne
– Aturnae



Nóirín Slattery*
Riarthóir

# Foireann Fheidhmeannach na Ceannoifige

| | |
|---|---|
| **Príomhfheidmeannach:** | Moling Ryan |
| **Stiúrthóir um Chúnaimh Dlíthiúil:** | Frank Brady |
| **Stiúrthóir Acmhainní Daonna:** | Pat Fitzsimons |
| **Stiúrthóir Oibríochtaí:** | Eileen Bowden |
| **Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha:** | Feargal Ó Brolcháin |
| **Oifigeach Comhchaidrimh Ghairmiúil:** | John McDaid |
| **Rialaitheoir Airgeadais:** | Joan Enright |
| **Rúnaí an Bhoird:** | Clare Kelly |
| **Iniúchóirí:** | An tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste |
| **Aturnaetha:** | Mason Hayes and Curran |
| **Ceannoifig:** | Sráid an Chalaidh<br>Cathair Saidhbhín<br>Co. Chiarraí<br>Guthán: 066 9471000 lo ghlao 1890 615200<br>Facs: 066 9471035 |
| **Oifig Bhaile Átha Cliath:** | 47 Sráid an Mhóta Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 2<br>Guthán: 01 6441900<br>Facs: 01 6623661 |
| **Suíomh gréasáin:** | www.legalaidboard.ie |

* Post a bhí ag Dara Mullally suas go dtí Lúnasa 2006 agus atá aistrithe go dtí an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta.

# Gnóthachtáil agus Forbairtí Lárnacha i 2006

Ag tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh an bhliain roimhe sin, bhí breis laghdaithe sna **hamanna feithimh** chun coinne a fháil le haturnae. Thit amanna feithimh don chéad choinne i 21 ionad dlí.

Lean an titim ar **uimhir na ndaoine ag feitheamh** ar choinne le haturnae ag deireadh na bliana agus bhí an uimhir níos lú ná 1,000 ag deireadh na bliana.

San iomlán, chuir an Bord seirbhísí dlíthiúla ar fáil **do bheagnach 17,500 duine,** beagnach ar aon dul le 2005.

Tháinig rialacháin i bhfeidhm i Meán Fómhair 2006 a d'ardaigh go suntasach **an teorainn ar cháilitheacht airgeadais** do chúnamh dlíthiúil. Ardaíodh an tairseach d'uasmhéid ioncaim indiúscartha ó €13,000 go €18,000 agus freisin tháinig méadú suntasach ar roinnt liúntas. Faoi na Rialacháin nua, tá teach cónaí an iarratasóra eisiata nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar acmhainní caipitil.

**Cuireadh Scéim Chleachtóirí Príobháideacha na Cúirte Dúiche,** a chuireann ar chumas an Bhoird cásanna a bhaineann le hidirscaradh agus le colscaradh a chur faoi bhráid aturnaetha príobháideacha, ar bhonn foirmiúla.

Chuir an Bord lena thiomantas do **mheicníochtaí um aighnis a réiteach** maidir le cásanna dlí teaghlaigh a bhfuil neamhsháraíocht ag baint leo agus a éascaíonn na riachtanais dhlisteanacha a bhíonn ag gach aon taobh san aighneas.

Bunaíodh **Sain-Aonad Faillí Míochaine** ó na hacmhainní atá ag an mBord faoi láthair chun dul i ngleic le cásanna d'fhaillí líomhnaithe san earnáil sláinte.

Chuir an Bord tús le seirbhís a chuireann **comhairle dhlíthiúil amháin** ar fáil ar bhonn píolótach i gcúig cinn dá chuid ionad dlí.

**Bhí líon na gcliant nua a chláraigh leis an Seirbhís Dhlíthiúil do Dhídeanaithe (SDD)** díreach faoi bhun 3,000, laghdú de 10% i gcomparáid le 2005. Bhain díreach níos lú ná 70% de na hiarratasóirí ar stádas dídeanaí tairbhe as seirbhísí SDD i rith na bliana – síos ó 75% i 2005.

**Athbhunaíodh leabharlann an Bhoird,** i mBaile Átha Cliath, agus thosaigh sé arís ag cur seirbhíse iomlán leabharlainne ar fáil d'fhoireann an Bhoird.

Tar éis lainseáil a dhéanamh ar Chairt do Chustaiméirí an Bhoird i 2005 d'fhoilsigh an Bord **Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí** atá leasaithe agus a dhíríonn ar chaighdeáin níos sonraí maidir le cúram custaiméara a chur ar fáil agus chun tiomantais seirbhíse chuig cliaint an Bhoird a shásamh agus leibhéil níos airde de mhonatóireacht agus de dhearbhú cáilíochta na seirbhíse a bhaint amach.

Rinneadh forbairt ar **Straitéis AD** nua, ag leanúint ó chomhairliúchán forleathan taobh istigh den Bhord agus taobh amuigh, agus ag leagan síos cuspóirí agus spriocanna na rannóige Acmhainní Daonna sa tréimhse trí bliana ó 2006 agus 2008.

Dréachtaíodh **Ráiteas Sábháilteachta** cuimsitheach nuashonraithe chun a chinntiú go leanann foireann an Bhoird de bheith ag obair i dtimpeallacht atá sábháilte agus slán. Tá an ráiteas ceaptha chun comhlíonadh maidir leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair a chinntiú.

Tá dréachtscéim an Bhoird faoi **Acht na dTeangacha Oifigiúla** curtha i gcrích agus cuireadh faoi bhráid an Aire Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta é lena fhaomhadh.

# Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach



Mar a léirigh an Cathaoirleach ina réamhrá ba bhliain an-dearfach don Bhord um Chúnamh Dlíthiúil ba ea 2006 maidir le seachadadh a dhéanamh ar a phríomhsprioc, sé sin seirbhís atá gairmiúil, inrochtana agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil. Ó mo thaobhsa de, bhí leibhéal seachadta seirbhíse an-spreagúil nuair a chuireann tú san áireamh cuid de na toisceanna a tháinig i gceist i rith na bliana. Go mór chun tosaigh anseo bhí an méadú ar an tairseach ioncaim den chéad uair ó 2002, dul chun cinn a bhfuil fáilte roimhe agus dá bharr tá méadú ar an líon gur féidir cur le bonn cliant an Bhoird. Bhí mé an-sásta leis an gcaoi ar fhreagair an Bord, trína chuid aturnaetha agus a fhoireann tacaíochta, don fhorbairt seo.

## Chun a chinntiú go leanann ár gcliaint de bheith ag fáil an seirbhíse is fearr is féidir ón mBord, d'fhoilsíomar Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí a bhí leasaithe i 2006.

Tosca eile a raibh tionchar aige ar an mBord i 2006 ná soghluaisteacht foirne. Ba í an phríomhghné de seo ná dílárú na Roinne Ealaíon Spóirt agus Turasóireachta go Cill Airne, agus mar thoradh air sin d'aistrigh roinnt den fhoireann in ár gceannoifig i gCathair Saidhbhín chuig an Roinn sin ar mhaithe le cúrsaí taistil. Trí phleanáil go cúramach agus trí bheartais earcaíochta cuí, íoslaghdaíodh an tionchar a bhí ag na hathruithe seo ar an eagraíocht.

Taobh amuigh den leibhéal seachadta seirbhíse, rinne an Bord dul chun cinn freisin maidir le caighdeán na seirbhíse a chuirtear ar fáil, ag teacht leis na spriocanna in ár bplean corparáideach; seirbhís atá gairmiúil, inrochtana agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil agus a bheith nuálaíoch in ár gcur chuige maidir le seachadadh éifeachtúil a dhéanamh ar sheirbhísí. Leanamar de bheith ag cothú réitigh seachas coimhlint sna réimsí sin a bhfuil baint againn leo, go háirithe i gcásanna dlí teaghlaigh. Chuige sin, cuireadh oiliúint sa dlí comhoibríoch ar fáil do bheagnach 100 aturnae, cuid acu a bhí i gcleachtas príobháideach san áireamh. Chomh maith leis sin, lainseáil an Bord próiseas idirbheartaíochta struchtúrtha píolótach. Go bunúsach, is éard atá an próiseas seo ag iarraidh a bhaint amach ná bunrialacha a leagan síos i gcomhair idirbheartaíochta, sa chaoi gur féidir leis na páirtithe a bheith soiléir faoi cad is féidir leo bheith ag súil leis ón bpróiseas agus freisin, cad a bheifear ag súil leis uathusan.

Cuireadh Scéim Chleachtóirí Príobháideacha na Cúirte Dúiche ar bhonn foirmeálta i 2006. Cuireann an Scéim seirbhís chomhlántach ar fáil d'ionaid dlí atá ríthábhachtach chun a chinntiú go gcoimeádtar amanna feithimh taobh istigh de 4 mhí. Bunaíodh Sain-Aonad Faillí Míochaine i 2006 freisin. Is freagairt nuálaíoch a bhí anseo do cheist faoi leith a bhain le seachadadh seirbhíse. Agus an tAonad seo á bhunú againn, d'aithníomar go bhfuil tairbhe faoi leith ag baint le roinnt saineolais agus taithí sa réimse chun déileáil le cásanna a bhaineann le faillí líomhnaithe san earnáil sláinte.

Chun a chinntiú go leanann ár gcliaint de bheith ag fáil an seirbhíse is fearr is féidir ón mBord, d'fhoilsíomar Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí a bhí leasaithe i 2006. Leanann an plean nua seo ar aghaidh ón gcairt do chustaiméirí a foilsíodh i 2005. Díríonn sé ar réimsí níos sonraí de sheirbhís do chustaiméirí le leibhéil níos airde de mhonatóireacht agus de dhearbhú cáilíochta.

Forbairt shuntasach sa réimse acmhainní daonna ba ea foilsiú Straitéis an Bhoird maidir le hAcmhainní Daonna 2006-2008 Socraíonn sé seo cuspóirí agus spriocanna feidhm AD an Bhoird thar an tréimhse agus aithníonn sé 130 gníomh faoi leith chun feidhmiú a dhéanamh orthu. I dteannta, ceapadh Straitéis nua um Thraenáil agus Forbairt i 2006 a dhéanfaidh ceangal leis an straitéis AD.


Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le foireann an Bhoird as ucht an ionchuir luachmhar a rinne siad, agus a bhfuil mé go mór faoi chomaoin aige. Táim sásta go bhfuilimid ag leanúint ag aghaidh ag déanamh dul chun cinn iontach mar eagraíocht agus go bhfuilimid ag baint amach na spriocanna atá leagtha síos sa Phlean Corparáideach. Táim ag súil go leanfaidh an dul chun cinn seo de réir mar a théimid ar aghaidh.

Moling Ryan
Príomhfheidmeannach
Iúil 2007



# Foireann an Bhoird

Tá 384 ball foirne san iomlán fostaithe ag an mBord. Cuireann baill foirne in ionaid dlí an príomhsheachadadh seirbhíse ar fáil. Cuimsíonn an líon seo 109 aturnae móide foireann pharaidhlíthiúil agus riaracháin. Tugann an fhoireann riaracháin sna haonaid cheannoifige éagsúla tacaíocht do sheachadadh phríomhghnó an Bhoird, mar atá léirithe thíos.



# Forbairtí Foirne i 2006

Is é ceann de na príomhchuspóirí atá ag an mBord um Chúnamh Dlíthiúil ná seirbhís atá gairmiúil, inrochtana agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil don phobal. Tá sé soiléir go bhfuil ríthábhacht ag baint leis an bhfoireann maidir le seachadadh a dhéanamh ar an sprioc seo. Bhí go leor de na forbairtí a chuaigh i gcion ar an bhfoireann i 2006 dírithe ar straitéisí cuí a chur i bhfeidhm chun forbairt scileanna agus saineolais a éascú níos fearr. Chuir sé seo ar chumas an Bhoird, mar sin, leanúint le spriocanna seachadta seirbhíse a bhaint amach ar bhealach atá éifeachtúil agus costéifeachtach.

D'fhoilsigh an Bord Straitéis Acmhainní Daonna nua chomh maith le Straitéis nua um Thraenáil agus Forbairt i 2006. Tar éis do na straitéisí seo a bheith foilsithe, chuathas i mbun oibre chun pleananna a fhorbairt chun feidhmiú a dhéanamh maidir leis na gníomhaíochtaí sonracha aitheanta. Bhí baint ag foghrúpaí den Choiste Comhpháirtíochta, le tacaíocht ón Rannóg Acmhainní Daonna, leis an bpróiseas feidhmiúcháin sna réimsí a bhaineann le Traenáil agus Forbairt Foirne, Comhionannas agus Míchumas agus Cumarsáid.

Ar na buaicphointí sonracha, bhí athdhíriú an Aonaid um Thraenáil agus Forbairt taobh istigh de AD, ag teacht le tiomantais sa Straitéis um Thraenáil agus Forbairt Chinntigh sé seo anailís níos tráthúla agus soláthar tionscnamh traenála agus forbartha do bhaill foirne an Bhoird. Ar na tionscnaimh ar tugadh fúthu bhí:

- tacaíocht níos mó d'oideachas tríú leibhéal leanúnach;
- leibhéal níos mó de chláir maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach d'aturnaetha a chur ar fáil ar a n-áirítear abhcóideacht agus dlí comhoibríoch, agus
- tús le hobair ar fhorbairt a dhéanamh ar chlár oiliúna dhlíthiúil d'fhoireann pharaidhlíthiúil agus riaracháin.

Cuireadh próiseas ionduchtúcháin nua i bhfeidhm i 2006. Ag baint leis seo bhí soláthar ar thraenáil ionduchtúcháin ó bhaill foirne fostaithe sa Bhord le béim ar eolas a thabhairt d'earcaigh nua ar:

- feidhmeanna agus struchtúr an Bhoird;
- téarmaí agus coinníollacha fostaíochta;
- conas a oibríonn an próiseas dlíthiúil i bhfeidhm, agus
- na luachanna a thiomáineann an eagraíocht chun cinn.

Cuireadh cúig chlár dá leithéid ar fáil i rith 2006. Bhí siad glactha go han-mhaith ag an bhfoireann agus chuir siad go suntasach leis an acmhainn a bhí ag baill foirne nua socrú síos go tapaigh san eagraíocht.

Roghnaigh an Bord freisin soláthraí traenála chun traenáil scileanna boga a sholáthar tar éis gnás tairisceana iomaíoch.

I rith 2006, lean an t-ionchur suntasach ag an gCoiste Comhpháirtíochta an Bhoird sa phróiseas bainistíochta athraithe san eagraíocht, ar a n-áirítear forbairt a dhéanamh ar Phlean Gníomhaíochta don chomhaontacht ar chomhpháirtíocht shóisialta I dTreo 2016. Léiríonn an Plean roinnt bearta praiticiúla a chuirfidh an Bord i bhfeidhm chun leibhéal na seirbhísí atá ar fáil ón eagraíocht agus cost-éifeachtúlacht a seachadadh a fheabhsú.

Maidir le tacaíocht foirne, cuireadh bailchríoch ar Lámhleabhair Foirne agus Bainisteoirí agus scaipeadh iad ar fud na heagraíochta. Cuireann na lámhleabhair seo eolas ar fáil faoi théarmaí agus faoi choinníollacha foirne agus faoi fhreagrachtaí bainisteoirí faoi seach, i bhformáid atá éasca a léamh.

Thug an Bord freisin faoi roinnt comórtas earcaíochta, faoi cheadúnas ón gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP), ar a n-áirítear dhá chomórtas faoi leith do chléirigh dlí i gcomhair réigiúin éagsúla den tír agus dá bharr rinneadh próiseáil ar bhreis agus 300 iarratas.

# Seirbhísí a Soláthraíodh i 2006

Bhí uimhir iomlán na gcásanna inar chuir an Bord seirbhísí ar fáil tríd na hionaid dlí, an SDD san áireamh, agus trí sheirbhís na gcleachtóirí príobháideacha díreach faoi bhun 17,500. Tá an uimhir seo ar aon dul leis an uimhir cásanna a láimhsíodh i 2005. Tháinig méadú de thuairim agus 900 ar an uimhir de chásanna nach raibh baint acu le dídean a próiseáladh agus laghdú de thuairim agus 550 san iomlán ar an uimhir de chásanna dídine a próiseáladh.

## Ionaid Dlí

Cuireadh cúnamh agus comhairle dhlíthiúil ar fáil trí ionaid dlí an Bhoird i 13,154 cás i 2006. Seo a leanas eolas comparáideach do 2005 agus 2004 agus scagadh déanta idir cásanna cúnaimh agus cásanna comhairle.

**Tábla 1**


| Bliain | 2006 | 2005 | 2004 |
|---|---|---|---|
| Comhairle amháin | **3,683** | 3,336 | 3,462 |
| Imeachtaí cúirte | **9,471** | 8,896 | 9,065 |
| Iomlán | **13,154** | 12,232 | 12,527 |

Mar atá le sonrú, tháinig méadú de thart ar 7.5% ar uimhir na gcásanna ar déileáladh leo i 2006 thar an mbliain roimhe sin.

**Cásanna maidir le comhairle dhlíthiúil**
Ba chóir a thabhairt faoi deara go léiríonn uimhir na gcásanna do "chomhairle dhlíthiúil amháin" an uimhir de chásanna inar cuireadh comhairle dhlíthiúil amháin ar fáil i rith 2006. Cuirfear cúnamh dlíthiúil ar fáil de chuid díobh seo i 2007.

Mar is léir ó Chairt 1 thíos is i réimse dlí teaghlaigh is mó a chuireann an Bord comhairle dlí ar fáil. Bhí os cionn 70% de chásanna 'comhairle amháin' i réimse an dlí teaghlaigh, cóimheas ar aon dul le blianta roimhe sin. Bhain an chuid eile de na cásanna le cúrsaí sibhialta agus le tíolacadh.

**Cairt 1: Cásanna um Chomhairle Dlíthiúil 2004 - 2006**





Ar an iomlán, bhí méadú de 10% ar chásanna a bhain le comhairle dlí thar 2005. Tháinig ardú de bheagnach 13% i 2006 go 2,651 ar uimhir na gcásanna dlí teaghlaigh agus bhí méadú freisin ar na cásanna inar cuireadh comhairle ar fáil maidir le cúrsaí sibhialta eile (16%). Tháinig titim de 16% ar uimhir na gcásanna inar cuireadh seirbhísí tíolactha ar fáil. Tagraíonn Tábla I in Aguisín 2.



Tá scagadh níos cuimsithe déanta thíos ar na príomhcheisteanna ar tugadh comhairle amháin ina leith i 2006. Níl na figiúirí go díreach i gcomhchoibhneas leis na sonraí i gCairt 1 thuas mar go léiríonn siad na ceisteanna a raibh comhairliúchán maidir leo seachas an uimhir daoine ar tugadh comhairle dóibh. Ba chóir a mheabhrú, maidir le huimhir shuntasach de chásanna a bhaineann le idirscaradh agus colscaradh, gur dócha gur tugadh comhairle freisin maidir le cothú, foréigean teaghlaigh agus cúram/rochtain/caomhnóireacht; níl taifead faoi leith déanta ar na comhairlí seo. Tagraíonn Tábla 1A in Aguisín 2 freisin.


**Cairt 1a: Imeachtaí Comhairle de réir Ábhair 2006**




**Cásanna maidir le cúnamh dlíthiúil**

Tá na ceisteanna a ndearna aturnaetha ó ionad dlí an Bhoird uiríoll ar a son i 2006 agus an t-eolas comparáideach do 2005 agus 2004 curtha síos i gCairt 2 thíos.

**Cairt 2: Cásanna um Chumhamh Dlíthiúil 2004 - 2006**




# Cásanna samplacha

**Maolú ar an riail 'cúirt iata'**

Bhí máthair neamhphósta ag iarraidh iarratas a hiarpháirtí i gcomhair coimirce agus caomhnóireacht/rochtain maidir lena mac óg a chosaint. Bhí tinneas foirceanta ar an máthair.

Fuarthas tuairisc chun cuidiú leis an gcúirt maidir le cad ab fhearr don pháiste chomh maith le cé na mianta a bhí ag an bpáiste féin i leith an scéil. Fiafraíodh d'aturnae an athar an mbeadh sé toilteanach ligean d'athair na máthar (seanathair an pháiste ar thaobh na máthar) bheith sa chúirt leis an máthair i rith na n-imeachtaí. Seirbheáladh ordú faoi Mhír 40(5) den Acht um Dhliteanas Shibhialta agus Cúirteanna, 2004. Thug an t-athair le fios trína aturnae, nach raibh aon chur i gcoinne aige an seanathair bheith in éineacht le máthair an pháiste i rith na n-imeachtaí.

Nuair a tháinig an cás os comhair na cúirte d'éist an chúirt an t-iarratas ar choimirce agus bhí a hathair in éineacht leis an máthair sa chúirt.

**Uchtú**

D'éist an Chúirt Uachtarach cás ag deireadh na bliana 2006 maidir le hiarracht a rinneadh páiste nach raibh ach beagán le cois dhá bhliain d'aois a uchtú. Bhí máthair nádúrtha an pháiste tar éis an páiste a thairiscint le n-uchtú ach tharraing sí siar a toiliú sular rinneadh an tOrdú Uchtála deiridh. Chinn an Ard-Chúirt gur cheart neamhaird a dhéanamh de thoiliú na máthar agus gur cheart go rachfaí ar aghaidh leis an uchtú. Rinne na tuismitheoirí nádúrtha achomharc in aghaidh an chinnidh.

Chinn an Chúirt Uachtarach gur chóir an páiste a thabhairt ar ais ar bhonn céimnithe dá thuismitheoirí nádúrtha. Ina breithiúnas, chinn an chúirt sin sa ghnáth bhealach, gur féidir bheith ag súil gurb é is fearr don pháiste é sa ghearrtéarma agus go tábhachtach sa bhfadtéarma go dtógfadh a thuismitheoir/tuismitheoir bitheolaíoch é agus nár chóir suntasacht na toisce sin a laghdú ar aon bhealach. Níor chóir páiste a thógáil ó chúram príomhúil a thuismitheoirí bitheolaíoch gan cúis an-láidir.

**Idirscaradh**


D'fhreastal bean ar ionad dlí de bharr gur éirigh difríochtaí míshona ina saol pósta. Bhí beirt pháistí óga ag an lánúin phosta. Bhí na páirtithe tar éis freastal ar threoirchomhairleoireacht pósta ach ní raibh sí féin ná a fear céile in ann a gcuid difríochtaí a réiteach. Bhí an fear céile tar éis imeacht as an teach cónaí. Mhol aturnae an ionaid dlí go bhfaigheadh an bhean amach óna fear céile an mbeadh sé sásta freastal ar eadránaí agus dá mbeadh, go ndéanfaidís araon freastal chun iarracht a dhéanamh bunús Comhaontú Scartha a idirbheartú. Bhí an fear céile sásta leis sin agus d'fhreastal na páirtithe araon ar eadráin.

# Seirbhísí a Soláthraíodh i 2006 (ar lean)

Bhí méadú de 6% ar chásanna maidir le cúnamh dlíthiúil thar an mbliain roimhe sin. Mar is léir ón gcairt, bhí méadú i ngach catagóir seachas cúrsaí sibhialta eile le méadú de 7% ar uimhir na n-imeachtaí a bhain le colscaradh/idirscaradh/neamhniú a láimhsíodh Próiseáladh na cásanna maidir le colscaradh/idirscaradh/neamhniú sa Chúirt Chuarda agus cuireadh uimhir bheag d'achomhairc chuig an Ard-Chúirt. Próiseáladh na cásanna maidir le cúram leanaí sa Chúirt Dúiche mar aon leis an chuid mó de na 'cúrsaí eile a bhain le dlí teaghlaigh'.

Tá scagadh níos cuimsithe déanta ar na ceisteanna ar tugadh cúnamh dlíthiúil ina leith i 2006 i gCairt 2a thíos. Arís, níl na figiúirí go díreach i gcomhchoibhneas leis na sonraí i gCairt 2 thuas mar go léiríonn siad na ceisteanna ar tugadh cúnamh maidir leo seachas an uimhir daoine ar tugadh cúnamh dóibh. Baineann an coinníoll céanna, maidir le huimhir shuntasach de chásanna a bhaineann le idirscaradh agus colscaradh, gur dócha go mbainfidís le ceisteanna maidir le cothú, foréigean teaghlaigh agus cúram/rochtain/caomhnóireacht; níl taifead faoi leith déanta ar na ceisteanna seo.

**Cairt 2a: Imeachtaí Cúirte de réir Ábhair 2006**




**Fad na gcásanna**

Tugann Tábla 2 próifíl aoise de chásanna ar cuireadh cúnamh dlíthiúil ar fáil ón gcúirt ina leith. Taispeánann an bhliain cathain a osclaíodh an comhad.

**Tábla 2**

| Bliain | 2006 | 2005 | 2004 | Pre-2004 | Total |
|---|---|---|---|---|---|
| **Dúiche** | 1,369 | 715 | 281 | 205 | 2,570 |
| **Cuarda** | 1,702 | 1,885 | 1,089 | 1,891 | 6,567 |
| **Ard/Uachtar** | 119 | 68 | 40 | 107 | 334 |
| **Iomlán** | **3,190** | **2,668** | **1,410** | **2,203** | **9,471** |

Maidir leis na cásanna inar cuireadh cúnamh dlíthiúil ar fáil i 2006 osclaíodh dhá dtrian díobh i 2005 nó níos luaithe ná sin agus bhí beagnach an ceathrú cuid díobh ag dul siar roimh 2004.

Ba cásanna sa Chúirt Chuarda formhór na gcinn deireanacha seo, cásanna a bhain le colscaradh nó le idirscaradh den chuid is mó. Is féidir an mhoill i gcásanna mar sin a chur i leith cúpla tosca, moill in aimsiú dátaí cúirte ina measc. Tá an Bord ag déanamh iarrachta an céatadán de chásanna a ritheann ar feadh i bhfad a laghdú
As an 13,154 cás de chúnamh agus de chomhairle dhlíthiúil a láimhsíodh i 2006, cuireadh críoch le 38% de na cásanna faoi dheireadh na bliana, agus bhí an chuid eile acu fós gníomhach ar 31 Nollaig. Bhí 5,718 cás maidir le cúnamh dlíthiúil agus 2,481 cás maidir le comhairle dhlíthiúil fós gníomhach ar 31 Nollaig 2006. Tá a thuilleadh mionsonraí tugtha i Tábla III in Aguisín 2.

Tugann Tábla 3 thíos próifíl aoise de na cásanna ar bhain imeachtaí cúirte a críochnaíodh i 2006 leo agus iad leagtha amach, de réir ábhair.

**Tábla 3**

| Bliain | 2006 | 2005 | 2004 | Pre-2004 | Total |
|---|---|---|---|---|---|
| **Colscaradh /idirscaradh /neamhniú** | 191 | 472 | 432 | 639 | 1,734 |
| **Cúram Leanaí** | 74 | 77 | 34 | 33 | 218 |
| **Cúrsaí eile um dhlí teaghlaigh** | 660 | 487 | 151 | 104 | 1,402 |
| **Cúrsaí eile um dhlí sibhialta** | 162 | 101 | 47 | 89 | 399 |
| **Total** | **1,087** | **1,137** | **664** | **865** | **3,753** |

As an 3,753 cás cúnamh dlíthiúil a críochnaíodh i 2006, bhain 71% díobh le 2005 nó níos luaithe. Maidir le cásanna a bhain le colscaradh/idirscaradh/neamhniú bhí cion de 89% ag dul siar go dtí 2005 nó níos luaithe. Léiríonn sé seo go ndéantar cásanna sa Chúirt Dúiche, a chuimsíonn formhór na gcásanna de 'Cúrsaí eile bainteach le dlí teaghlaigh' a phróiseáil i bhfad níos tapúla ná na cásanna a bhaineann le colscaradh, idirscaradh agus neamhniú.

**Cásanna idir lámha**

Tugann Tábla 4 thíos stádas an 5,718 cás cúnamh dlíthiúil idir lámha ar 31 Nollaig 2006. Cuidíonn an t-eolas atá sa tábla leis an mBord chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn cásanna trí phróiseas na gcúirteanna.

**Tábla 4**

| Stadas | Líon cásanna |
|---|---|
| **Ag an gcúirt** | 1,844 |
| **Ordú cúirte a rinneadh** | 1,236 |
| **Imeachtaí eisithe** | 1,196 |
| **Mionteagasc tugtha don Abhcóide** | 783 |
| **Teastas um chúnamh dlíthiúil bronnta** | 528 |
| **Ath-iontráil** | 71 |
| **Achomharc ar siúl** | 60 |
| **Iomlán** | **5,718** |

## Cleachtóirí príobháideacha sa dlí teaghlaigh

Cuireann cleachtóirí príobháideacha seirbhísí um chúnamh dlíthiúil ar fáil chun comhlánú a dhéanamh ar an tseirbhís a chuireann ionaid dlí ar fáil. Feidhmíonn an tseirbhís seo i gcomhair cúrsaí a bhaineann le dlí teaghlaigh sa Chúirt Dúiche (mar chásanna foréigean teaghlaigh, cothú, coimirce agus caomhnóireacht/rochtain) agus do chásanna a bhaineann le colscaradh agus le idirscaradh breithiúnach sa Chúirt Chuarda.

Déantar scagadh i tábla 5 ar an líon de theastais um chúnamh dlíthiúil a bronnadh i 2006 sa chaoi go bhféadfadh aturnaetha i gcleachtas príobháideach agus atá ar phainéil an Bhoird uiríoll a chur ar fáil sna Cúirteanna Dúiche agus Cuarda. Tugann sé eolas comparáideach do 2005 agus 2004 don Chúirt Dúiche. Níor tugadh isteach scéim na Cúirte Cuarda go dtí 2005.

**Tábla 5**

| Bliain | 2006 | 2005 | 2004 |
|---|---|---|---|
| Cúirt Dúiche | 1,557 | 1,590 | 650 |
| Cúirt Chuarda | 162 | 330 | n/a |
| **Iomlán** | **1,719** | **1,920** | **650** |

Mar is léir, thit líon na n-athtreorúchán de bharr scéim na Cúirte Cuarda go suntasach i 2006. An chúis a bhí leis seo ná gur úsáideadh an scéim i 2005 mar bheart éigeandála chun amanna feithimh a laghdú go dtí tréimhse ceithre mhí nó níos lú i ngach ionad dlí. Chomh luath agus a tugadh aghaidh ar an riaráiste cásanna tháinig laghdú ar uimhreacha na gcásanna a athtreoraíodh chuig na cleachtóirí príobháideacha. D’fhéadfadh sé, áfach, go dtiocfaidh méadú ar líon na n-athtreorúchán arís i 2007 go páirteach de bharr an méadú atá tagtha ar theorannacha do cháilíocht airgeadais um chúnamh dlíthiúil a tugadh isteach ar 1 Meán Fómhair 2006 agus ag féachaint do na hacmhainní airgeadais atá ar fáil.

# Cásanna samplacha (ar lean)

Ag leanúint ó shraith de sheisiúin leis an eadránaí tháinig na páirtithe ar chomhaontú faoin áit chónaithe cuí agus socraithe teagmhála maidir leis na páistí agus freisin cén cothú ba chóir don fhear céile a íoc. D’fhill an bhean ar aturnae an ionad dlí agus comhaontú eadránaithe aici. Chuaigh an t-aturnae i dteagmháil le haturnae an fhir chéile agus thosaigh idirbheartaíocht maidir le sócmhainní na bpáirtithe. Socraíodh faoi dheireadh go n-aistreofaí an teach cónaí, a bhí saor ó mhorgáiste, chuig an mbean chéile ar choinníoll go n-íocfadh an bhean cnapshuim faoi leith lena fear céile agus go gcuirfeadh an bhean chéile ar leataobh aon éileamh maidir le Scéim na gCuntas Speisialta Dreasachta Coigiltis (SSIA) a bhí in ainm an fhir chéile. Rinne dréachtadh ar Chomhaontú Scartha foirmiúil agus cheadaigh agus shínigh na páirtithe é.

**Dlí comhoibríoch**

Bhí aturnae de chuid an Bhoird páirteach i gceann de na chéad chásanna dlí comhoibríoch maidir le colscaradh a críochnaíodh le faomhadh na Cúirte Cuarda, ceaptar. Bhí an fear céile agus an bhean chéile tar éis bheith páirteach in imeachtaí Cúirte Dúiche níos túisce agus is beag fonn a bhí orthu dul i mbun níos mó dlíthíochta. D’fháiltigh an bheirt acu roimh an deis a gcuid deacrachtaí a shocrú tríd dlí comhoibríoch agus ghlac an bheirt acu páirt iomlán sa phróiseas.

Shínigh gach aon pháirtí litir fruilithe lena gcuid dlíodóirí agus malartaíodh eolas airgeadais idir an dá thaobh. Ina dhiaidh sin socraíodh cruinnithe aghaidh ar aghaidh ar cheithre bhealach inar ghlac gach aon pháirtí agus a gcuid dlíodóirí páirt. Ag an gcéad chruinniú idir an ceathrar shínigh na páirtithe uile Comhaontú Rannpháirtíochta, na dlíodóirí san áireamh, a leag síos na bunrialacha a chuimsigh an coinníoll dá dteipfeadh ar an bpróiseas nach bhféadfadh ceachtar de na dlíodóirí feidhmiú ar son a gcliant in aon dlíthíocht a leanfadh uaidh sin. Aontaíodh ar chlár do na cruinnithe freisin sa chaoi go bhféadfaí iad a bheith struchtúrtha agus nach mbeadh aon nithe gan choinne a bheadh in aghaidh spiorad na comhaontachta ag tarlú. Bhí gach aon pháirtí sásta go ndearnadh faisnéisiú iomlán airgeadais.

Bhí sé chruinniú idir na ceithre pháirtí agus bhí sé an-soiléir ón tús gurb é ceann de na deacrachtaí is mó a bhí ag na páirtithe ná cumarsáid a dhéanamh le chéile , go háirithe maidir leis na páisti. Bhí sé seo ag cruthú deacrachtaí móra ní hamháin dóibh féin ach do na páistí freisin. Bhí sé soiléir freisin gur tuismitheoirí cineálta grámhara ba ea na tuismitheoirí agus nach raibh uathu ach an rud ab fhearr a dhéanamh ar mhaithe lena bpáistí. Tríd an bpróiseas comhoibríoch socraíodh colscaradh a d’fhéadfadh a bheith ina chás cúirte deacair agus sáraíochta taobh istigh de chúpla mí agus gach aon pháirtí sásta leis. Tháinig feabhas chomh mór sin ar an gcaidreamh idir na páirtithe gur admhaigh siad araon gurb é leas na bpáistí ba thábhachtaí ar fad agus bhí ar a gcumas cumarsáid a dhéanamh le chéile ar bhealach sibhialta agus múinte.

# Seirbhísí a Soláthraíodh i 2006 (ar lean)


## Tearmann

Bunaíodh an tSeirbhís Dhlíthiúil do Dhídeanaithe(SDD) i 1999 mar oifig speisialaithe taobh istigh den Bhord um Chúnamh Dlíthiúil chun seirbhís dhlíthiúil, faoi rún agus neamhspleách, a chur ar fáil do lucht iarrtha tearmainn in Éirinn. Cuireann sí seirbhísí ar fáil ag gach céim den phróiseas tearmainn agus i gcásanna cuí maidir le ceisteanna a bhaineann le cúrsaí inimirce agus díbeartha.

Cuireann SDD seirbhísí ar fáil trí 3 ionad dlí lánaimseartha; i mBaile Átha Cliath, Corcaigh agus Gaillimh. Chomh maith leis seo, cuireann na 3 oifig SDD seirbhísí ar fáil trí sheirbhís for-rochtana, a chuireann eolas ginearálta faoin tseirbhís ar fáil do chliaint nua agus do chliaint atá ann cheana féin ina lóistín /ionaid fáiltithe féin. Ionchorpraíonn an tseirbhís for-rochtana clinicí i Sligeach, Luimneach, Áth Luain agus Port Láirge.

**SDD – soláthar seirbhísí: Clárú cliant nua**
Bhí líon na gcliant nua a chláraigh leis an SDD díreach faoi bhun 3,000, i 2006, laghdú de 10% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Chiallaigh sé seo gur bhain beagnach 70% de na hiarratasóirí ar stádas dídeanaí tairbhe as seirbhísí SDD i rith na bliana - síos ar an gcéatadán comhfhreagrach de 75% i 2005. Is féidir an treocht ó 1999 a fheiceáil sa chairt thíos

**Cairt 3: Iarratais Tearmainn agus Cliaint Nua SDD 1999/2006**




Bhronn an Bord 2,584 de theastais um chúnamh dlíthiúil i 2006 chun uiríoll a chumasú roimh an mBinse Achomhairc Dídeanaithe. Taispeánann an tábla seo leanas na figiúirí comparáideacha don da bhliain roimhe seo agus an briseadh síos idir an líon teastas inar chuir aturnaetha SDD, cleachtóirí príobháideacha ar phainéil an SDD, agus abhcóidí faoi theagasc SDD uiríoll ar fáil.

**Tábla 6**

| Líon teastas | 2006 | 2005 | 2004 |
|---|---|---|---|
| Aturnaetha SDD | 795 | 974 | 1,324 |
| Cleachtóirí príobháideacha ar phainéil SDD | 436 | 660 | 462 |
| Abhcóidí faoi theagasc SDD | 1,353 | 1,502 | 1,596 |
| **Iomlán** | **2,584** | **3,136** | **3,382** |

Ní úsáidtear cleachtóirí príobháideacha i gcúrsaí tearmainn ach amháin i gcásanna achomhairc os comhair an Bhinse Achomhairc Dídeanaithe. Cuireann foireann dhlíthiúil an Bhoird in oifigí an SDD gach seirbhís eile maidir le tearmann ar fáil le cuidiú ó abhcóidí i gcásanna a bhaineann le hathbhreithniú breithiúnach. Cuimsítear na seirbhísí seo leanas:

- comhairle roimh agallaimh le hOifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe;
- uiríoll sa Chúirt Dúiche do lucht iarrtha tearmainn a coinníodh de dhroim Míre 9(8) d'Acht na nDídeanaithe 1996 (leasaithe);
- comhairle i ndiaidh cinneadh an Bhinse Achomhairc Dídeanaithe;
- cúnamh le hiarratais ar chosaint chúnta faoi S.I. Uimh. 518 de 2006 a thug éifeacht don Treoir Eorpach ar Cháilíochtaí;
- cabhair le hiarratais chun cead a fháil fanacht sa tír;
- cúnamh le hiarratais ar chosaint chúnta;
- comhairle maidir le hOrduithe Díbeartha;
- comhairle maidir le hOrduithe um Aistriú faoi Choinbhinsiún Átha Cliath II, agus
- athbhreithniú breithiúnach a thionscnamh i gcásanna áirithe – nuair atá sin dlite ag cúinsí an cháis.

Thionscain an Bord imeachtaí maidir le hathbhreithniú breithiúnach i 66 cás tearmainn i 2006. Tugann Tábla 7 figiúirí comparáideacha do 2005 agus 2004 agus an toradh a bhí ar na cásanna.

**Tábla 7**


| Athbhreithniú breithiúnach | 2006 | 2005 | 2004 |
|---|---|---|---|
| Imeachtaí tionscanta | **66** | **84** | **85** |
| Cásanna socraithe | 20 | 55 | 75 |
| Cásanna a dlíthíodh go rathúil | 0 | 3 | 0 |
| Cásanna neamhrathúla | 1 | 7 | 0 |
| Cásanna a caitheadh amach | 1 | 2 | 7 |
| Cásanna atá ar siúl go fóill | 44 | 17 | 3 |

Coinníodh an leibhéal ard de thorthaí dearfacha a bhí le feiceáil i 2005, cé go bhfuil sé suntasach go raibh uimhir na gcásanna a tugadh ar aghaidh ag deireadh 2006 cuid mhaith níos airde ná i 2005. Ní bhíonn níos lú míbhuntáiste don iarrthóir tearmainn ag baint le cásanna a shocraítear seachas na cásanna a dhlíthíotar go rathúil sna cúirteanna.

# Cásanna samplacha (ar lean)

Déanann an chairt seo a leanas scagadh ar an gCinneadh/Ordú a bhí mar chúis leis an athbhreithniú breithiúnach i 2006.

**Cairt 4: Athbhreithniú Breithiúnach i 2006**




Cosúil le 2005, tógadh formhór na gcásanna in aghaidh cinntí an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe (BAD). Is é an fáth atá leis seo ná nach féidir achomharc a dhéanamh in aghaidh cinntí a dhéanann sé. Mar sin, ní féidir déileáil le lochtanna de ghnáth ach trí athbhreithniú breithiúnach.

## Coiste na nAchomharc

Cuirtear seirbhísí dlíthiúla ar fáil i gcásanna faoi leith ar bhunús fhorálacha an Achta um Chúnamh Dlíthiúil agus na Rialacháin a cruthaíodh faoin Acht sin. Déanann baill foirne ag grád leibhéal ceaptha, cinntí tosaigh maidir le ceadú nó diúltú seirbhísí dlíthiúla le cead athbhreithnithe agus achomhairc i gcoinne seirbhísí dlíthiúla a dhiúltú.

Téann achomharc maidir le diúltú seirbhísí dlíthiúla faoi bhráid Choiste Achomharc, a bhfuil cúigear ball den Bhord reachtúil air. Tagann an coiste achomhairc le chéile gach mí, nó de réir mar is gá. I 2006, bhí 11 cruinniú de Choiste Achomhairc an Bhoird.

Leagann an tábla seo a leanas amach sonraí na n-achomharc a ndearna an Bord measúnú orthu i 2006 chomh maith le heolas comparáideach don dá bhliain roimhe sin.

**Tábla 8**

| Bliain | 2006 | 2005 | 2004 |
|---|---|---|---|
| Líon na gcinntí a coinníodh | 44 | 84 | 70 |
| *- Critéir airgeadais* | *7* | *11* | *4* |
| *- Critéir tuillteanas* | *37* | *73* | *66* |
| Líon na gcinntí a athraíodh | 35 | 44 | 48 |
| Líon na nAchomharc ar siúl go fóill | 1 | 9 | 6 |
| Líon na nAchomharc | **93** | **137** | **124** |

Nóta: Aistarraingíodh nó socraíodh 13 achomharc i 2006 sular glacadh cinneadh.

Ag an gcruinniú deiridh, dréachtaíodh téamaí comhaontaithe agus shínigh na páirtithe iad mar théarmaí toilithe. Eisíodh agus seirbheáladh imeachtaí colscartha. Chuaigh na dlíodóirí chun na cúirte chun ordú colscartha a fháil, ina gcorpraítear na téarmaí toilithe.

Bhí gach aon pháirtí sásta leis an toradh. Ó thaobh na ndlíodóirí de ba cás an-sásúil a bhí ann.

**Fuadach leanaí**
Ní raibh tuismitheoirí bheirt phaistí pósta le chéile ach bhí siad ina gcónaí le chéile i dtír eile den AE ar feadh roinnt blianta. Rugadh na páistí sa tír seo.

Tar éis deireadh a theacht leis an gcaidreamh bhí imeachtaí sa tír eile maidir le háit cónaithe na bpáistí a ndearnadh iad a chonspóid agus ar deireadh rinneadh Orduithe a d'fhoráil go mbeadh na páistí ina gcónaí leis an athair ach go mbeadh teagmháil acu leis an máthair. Bhí rochtain ag an máthair ar na páistí ar bhonn comhaontaithe agus d'iarr sí ar an athair cead a thabhairt do na páistí taisteal go hÉirinn chun cuairt a thabhairt ar bhaill clainne. Tugadh an cead ach nuair nár tugadh na páistí ar ais ar an dáta a bhí aontaithe chuir an t-athair tús le himeachtaí ar bhonn reachtaíochta a bhaineann le fuadach leanaí.

San Ard-Chúirt glacadh le hargóintí ar son an athar gur bhronn an tOrdú Cúirte sa tír eile "Freagracht Tuismitheora" agus gurb í an éifeacht praiticiúil a bhí leis seo ná go raibh cearta caomhnóireachta aige taobh istigh de bhrí Choinbhinsiún na Háige.

Rinne an Chúirt ordú go seolfaí na páistí ar ais chuig an tír AE eile. Seoladh an tOrdú ar aghaidh chuig na Gardaí agus bhí mar thoradh air sin gur tógadh na páistí ó chaomhnóireacht na máthar agus gur cuireadh faoi chúram Fheidmeannacht na Seirbhíse Sláinte iad agus thug sé seo ar ais don athair iad. Chuaigh an t-athair agus na páistí ar ais chuig an tír AE eile.

**Tearmann (athbhreithniú breithiúnach)**
Dhiúltaigh na húdaráis um chinneadh ar thearmann d'iarratas ar thearmann ó dhuine ó thír Afracach a bhí VEID dearfach. Eisíodh imeachtaí maidir le hathbhreithniú breithiúnach ag éirí as an gcaoi ar theip ar na húdaráis an eagla a bhí ar an iarratasóir filleadh ar an tír a bhí i gceist de bharr na ndeacrachtaí sláinte a bhí aici a chur san áireamh. Nótáil an Ard-Chúirt go ndearna an t-iarratasóir agus a hionadaí aighneachtaí ag éisteacht an iarratasóra roimh an mBinse Achomhairc Dídeanaithe gurbh ionann agus breith báis a bheadh ann di filleadh ar an tír a bhí i gceist, de bharr a stádas VEID. Thagair eolas aighnithe maidir leis an tír don bhearna i gcúram do mhná a d'fhulaing foréigean gnéis agus an smál sóisialta a bhí orthu siúd ar aithníodh iad a bheith VEID dearfach.

# Seirbhísí a Soláthraíodh i 2006 (ar lean)

D'fhan líon na gcinntí chun seirbhísí dlíthiúla a dhiúltú mar chéatadán an-bheag de líon iomlán na gcásanna a ndearnadh cinntí cúnamh dlíthiúil agus/nó comhairle dhlíthiúil a cheadú maidir leo i rith 2006, d'athraigh an coiste achomhairc 38% de na cinntí a cuireadh faoina bhráid, mar an gcéanna le 2004. 33% an fhigiúir a bhí ann i 2005.

## Tráthúlacht na seirbhíse

Bhí an Bord in ann na tréimhsí fanachta níos giorra le haghaidh an chéad choinne le haturnae a bhain sé amach i 2005 a choinneáil. Leagann an tábla seo thíos síos líon na ndaoine a bhí ag fanacht le coinne mar a bhí ag 31 Nollaig 2006 agus figiúirí cosúla do 31 Nollaig 2005 agus 31 Nollaig 2004.

**Tábla 9**

| Bliain | 2006 | 2005 | 2004 |
|---|---|---|---|
| **Líon ag fanacht** | 984 | 999 | 2,200 |

Faoi dheireadh Nollaig 2006 bhí amanna feithimh do choinne tosaigh síos go dtí 2 mhí nó níos lú i bhformhór na h-ionad dlí. Ar an iomlán, tháinig laghdú suntasach ar amanna feithimh ó 2004 i leith agus bhí an t-ardú ar leibhéal an mhaoinithe a cuireadh ar fáil don Bhord ó shin i leith mar chúis leis sin den chuid is mó. Tháinig laghdú ar na hamanna feithimh i 21 ionad dlí i 2006. Tá liosta de na hamanna feithimh de réir ionad dlí ar fáil i dTábla VI in Aguisín 2.

Déanann an Bord monatóireacht agus athbhreithniú de shíor ar na liostaí feithimh sa chaoi nach mbíonn ar aon iarratasóir fanacht níos mó ná trí mhí le coinne tosaigh le haturnae.

## Éileamh ar an tseirbhís

Tugann an tábla thíos líon na ndaoine a rinne iarratas ar sheirbhísí chun an Bhoird i 2006. Cuirtear eolas comparáideach ar fáil do 2005 agus 2004.

**Tábla 10**

| Líon iarratasóirí | 2006 | 2005 | 2004 |
|---|---|---|---|
| **Ionaid Dlí** | 8,859 | 8,300 | 9,400 |
| **Ionad CP** | 830 | 853 | 109 |
| **SDD** | 2,980 | 3,330 | 3,500 |
| **Iomlán** | **12,669** | **12,483** | **13,009** |

Bhí méadú de 6% i líon na n-iarratas maidir le cúrsaí cúnamh dlíthiúil ginearálta (ionaid dlí agus ionad CP) i 2006, agus tháinig laghdú de thuairim is 10% ar líon na n-iarratasóirí i gcomhair seirbhísí tearmainn.

Is i réimse dlí an teaghlaigh is mó atá éileamh ar sheirbhísí an Bhoird agus tá tuairim choitianta ann gur sa réimse sin amháin a fheidhmíonn an Bord. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go dtugann an Bord faoi obair eile a bhaineann leis an dlí sibhialta, ar a n-áirítear cásanna de ghortú pearsanta agus d'athbhreithniú breithiúnach, chomh maith le cúrsaí a bhaineann le conradh, fostaíocht agus fiachas. Tá scóp an-leathan ag an Acht um Chúnamh Dlíthiúil Shibhialta 1995 agus clúdaíonn sé formhór réimsí an dlí sibhialta go háirithe maidir le comhairle dhlíthiúil, atá ar fáil maidir le raon de chúrsaí mar atá cúrsaí leasa shóisialaigh, fiachas agus dlíthe tomhaltóirí. Is féidir leis an mBord seirbhís chomhairle dhlíthiúil a chur ar fáil do dhaoine atá ag teacht os comhair bhinsí fiosrúcháin agus is féidir leis freisin déileáil le haon achomhairc a éiríonn ó chinntí binsí fiosraithe chuig mar shampla an Chúirt Chuarda.

## Cásanna tosaíochta

I 2006 lean an Bord de bheith ag cur seirbhíse tosaíochta ar fáil do chatagóirí áirithe de chásanna ar aithníodh iad mar chásanna a éilíonn seirbhís láithreach nó beagnach láithreach. Ar na cásanna a áirítear mar chásanna tosaíochta tá foréigean teallaigh, fuadach leanaí, cúram leanaí agus cásanna a bhaineann le teorannacha ama reachtúla.

## Ionad Doiciméadaithe na nDídeanaithe

Aithnítear Ionad Doiciméadaithe na nDídeanaithe (IDD) mar cheann de na hionaid eolais is forbartha ar domhan ina réimse saineolais. Bhí an líon fiosrúchán a fuarthas i 2006 ag 2,304 35% níos lú ná an leibhéal i 2005 mar is léir i dtábla 11 thíos. Bhí formhór na bhfiosrúchán (níos mó ná 90%) ag baint le heolas a bhí á lorg faoi thír bhunaidh (ETB) iarratasóirí tearmainn agus an chuid eile roinnte idir fhiosrúcháin dhlíthiúla/leathdhlíthiúla agus fiosrúcháin leabharlainne (maidir le leabhair, tuarascálacha etc).


**Tábla 11**

| Líon fiosrúchán | 2006 | 2005 | 2004 |
|---|---|---|---|
| **ETB** | 2,114 | 2,885 | 2,214 |
| **Eile** | 188 | 228 | 246 |
| **Iomlán** | **2,302** | **3,113** | **2,460** |

Bhí fiosrúcháin ETB scaipthe thar raon mór de thíortha, agus bhí an Nigéir ar an tír ba mhó a raibh fiosrúcháin fúithi i 2006 ag 12%.

# Cásanna samplacha (ar lean)

**Cairt 5: Fiosrúcháin Staitistiúla IDD 2006**




Bhí baint ag IDD le roinnt foilseachán i 2006. Dhréachtaigh baill foirne den IDD trí thuarascáil ag éirí as cur i láthair ag an naoú Seimineár um Thír Bhunaidh (ar siúl in Áth Cliath) agus foilsithe ag an ACNAD. Rinne Ionad Doiciméadaithe na nDídeanaithe forbairt ar fhoilseachán The Researcher a chuireann seirbhísí an IDD chun cinn agus a phléann fadhbanna a bhfuil suim ar leith ag na gníomhachtaí a ndéanann sé freastal orthu iontu. Cuimsíonn ábhar an Researcher páipéir acadúla ar cheisteanna a bhaineann le dídeanaithe agus cearta daonna, achoimrí ar chás dlí, treoracha maidir le reachtaíocht nua, tuairiscí ar chomhdhálacha, ailt faoi sheirbhísí IDD agus tuairiscí eolais faoi thír bhunaidh (ETB). Ar na rannpháirtithe bhí an IDD, an tSeirbhís Dhlíthiúil do Dhídeanaithe, ORAC, an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, ACNAD,IOM, SPIRASI, ACCORD, IRC lucht léinn agus abhcóidí. Tá an-ghlacadh leis an nuachtlitir ag úsáideoirí agus gníomhaíochtaí eile ETB.

Bunaíodh Aonad Cuardaigh ar Chinneadh taobh istigh den IDD ag deireadh 2006 chun seirbhís chuardaigh ar bhunachar sonraí chinntí an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe a chur ar fáil i gcomhair ionadaithe dlíthiúla chliaint na Seirbhíse Dlíthiúla do Dhídeanaithe agus freisin do ghníomhaíochtaí tearmainn.

Dá dhroim sin, chinn an Ard-Chúirt gur ardaíodh ceist a thabharfadh údar don chonclúid go raibh an t-iarratasóir i dteideal stádas mar dhídeanach bheith aici sa todhchaí agus nár cuireadh é sin san áireamh nuair a bhí an binse ag teacht ar a chinneadh. Chuir sí an cinneadh ar ceal agus cuireadh ar ais an cás i gcomhair éisteachta nua os comhair ball difriúil den Bhinse Achomhairc Dídeanaithe.

**Tearmann**

Bean óg ba ea an t-iarratasóir ar thearmann de náisiúntacht mheasctha ó oirthear na hEorpa. D'iarr sí tearmann ar bhonn a taithí féin agus taithí a muintire, arbh ionann é agus géarleanúint dar léi. I measc na ngníomhaíochtaí a ndearnadh casaoid fúthu ná gur maraíodh a hathair le linn tréimhse coimhlinte; d'fhulaing an t-iarratasóir agus a máthair ciapadh ó chomharsana de bharr a gceangail eithneach; tógadh talamh uathu le lámh láidir ina sráidbhaile dúchais agus tugadh íde béil dóibh. Bhog an t-iarratasóir chuig cathair mhór chun freastal ar ollscoil. Fuair sí post sa tseirbhís phoiblí ach thosaigh sí ag fulaingt ciníochais de bharr a cúlra eithneach. Nuair a d'athraigh an rialtas d'éirigh a cuid fadhbanna i bhfad níos measa; tugadh íde béil di agus uiríslíodh í; rinne comhghleacaí léi iarracht í a éigniú, agus, uair amháin, cuireadh gunna lena cloigeann. Nuair a rinne sí gearán leis na póilíní ní dhearnadh dada ar mhaithe léi. Uair eile fuadaíodh í, buaileadh í agus rinneadh bagairt ar a beatha. Ar deireadh, theith sí ón tír.

Thaispeáin eolas faoin tír as ar tháinig sí go raibh an teannas eithneach sa tír an-ard, go raibh ainm an Rialtais luaite le sárú ar chearta daonna, go raibh na póilíní mí-éifeachtúil ag cur cosc ar leatrom a dhéanamh ar cheart daonna, agus gur modh pionóis coitianta a bhí sa bhfuadach. Aighníodh fianaise míochaine ag cur síos ar na fadhbanna síceolaíochta a d'fhulaing an t-iarratasóir de bharr na heachtraí thrámacha a bhí aici. Bhí cóipeanna de na gearáin a rinne sí leis na póilíní ag an iarratasóir freisin.

Ghlac an Binse Achomhairc Dídeanaithe leis gur thacaigh eolas faoin tír as ar tháinig sí lena dearbhú gurbh ionann agus géarleanúint a raibh le fulaingt aici agus nach raibh ar a cumas cosaint a fháil ó údaráis an stáit ná aistriú go sábháilte chuig áit eile sa tír. Dá réir sin, d'eisigh an Binse moladh dearfach agus bronnadh stádas dídeanaí ar an iarratasóir.

# Forbairt na Seirbhíse um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta

I 2006 lean an Bord de bheith ag díriú ar roinnt ceisteanna tábhachtacha a tháinig chun solais ina Phlean Corparáideach do 2006-2008 agus a cheapann sé bheith ríthábhachtach i bhforbairt na seirbhíse um chúnamh dlíthiúil in Éirinn. Tháinig na ceisteanna chun solais i gcomhthéacs Ráiteas Misin an Bhoird mar atá “seirbhís um chúnamh agus chomhairle dhlíthiúil atá gairmiúil, éifeachtach, costéifeachtúil agus insroichte a chur ar fáil”. Aibhsíodh trí cinn de na ceisteanna seo ina Thuarascáil Bhliantúil do 2005, mar atá na ceisteanna a bhaineann le cáilíocht seirbhíse, inrochtaineacht dóibh siúd atá ar thóir seirbhíse, agus eolas a thabhairt do dhaoine agus oideachas a chur orthu maidir le cúnamh dlíthiúil. Rinneadh dul chun cinn suntasach breise maidir le gach ceann de na ceisteanna seo, chomh maith le réimsí eile, a chur le forbairt na seirbhíse.

**Cáilíocht**

I rith 2006 tugadh aghaidh ar na réimsí seo a leanas chun cur le cáilíocht na seirbhíse:

- críochnaíodh seoladh ar threoirlínte ard-chleachtais maidir le réimsí lárnacha a chuid oibre;
- tugadh faoi iniúchadh cáilíochta fócasaithe, chomh maith le clár athbhreithnithe maidir leis na seirbhísí a chuireann a chuid aturnaetha féin ar fáil. Cuimsíonn sé seo athbhreithniú a dhéanamh ar liostaí cásanna le haird faoi leith ar na comhaid atá oscailte le fada agus na cásanna seo a phlé leis an aturnae atá i gceist chun iarracht a dhéanamh iad a thabhairt chun críche chomh luath agus is féidir;
- d’aontaigh an Bord le ceardchumainn na n-aturnaetha bealach córasach chun cáilíocht a chinntiú agus athbhreithniú a dhéanamh ar chomhaid ar bhealach roghnaithe agus go randamach;
- tugadh isteach scéim fhoirmiúil maidir le cásanna a bhain le colscaradh agus idirscaradh le téarmaí agus coinníollacha a chuimsigh –
  - na caighdeáin cháilíochta atá aitheanta cheana féin dá chuid aturnaetha féin;
  - córas chun dul chun cinn cásanna a thuairisciú, agus
  - riachtanas gur gcuirfí cóid ar fáil d’oifigí údaraithe an Bhoird chun athbhreithniú a dhéanamh orthu.
- rinne an Bord athbhreithniú ar a straitéis um bhainistiú riosca chun a chinntiú go bhfaighidh gach cliant seirbhís atá gairmiúil, éifeachtach, costéifeachtúil agus insroichte, agus
- lainseáladh Sain-Aonad Faillí Míochaine, chun a chinntiú go gcuirtear an saineolas atá ag teastáil ar fáil sna cásanna seo a bhíonn casta agus deacair go minic (féach thíos).

**Inrochtaine**

Maidir le hinrochtaine rinneadh an dul chun cinn seo a leanas:

- cuireadh seirbhís chomhairleach ar bun ar bhonn píolótach agus tríd sin tugadh an rogha d’iarratasóirí seirbhís chomhairleach thapaigh a fháil (féach thíos);
- tosaíodh measúnú ar an bhféidearthacht a bhainfeadh le seirbhís ghutháin, i.e. eolas agus/nó comhairle i gcásanna áirithe dóibh siúd a dhéanann fiosrúcháin ar an nguthán, agus
- rinne an Bord iarracht réamhghníomhach a chinntiú nach raibh aon iarratasóir ar sheirbhísí dlíthiúla ag fanacht níos mó ná ceithre mhí le coinne tosaigh le haturnae.

**Oideachas a chur ar dhaoine agus iad a chur ar an eolas faoi chúnamh dlíthiúil**

Ghlac an Bord céimeanna breise eile chun inrochtaine a chuid seirbhísí a fheabhsú mar seo a leanas:

- rinne sé athdhearadh ar a shuíomh gréasáin chun go mbeadh sé níos éasca é a úsáid agus go mbeadh níos mó eolais le fáil air. Táthar ag súil go mbeidh an suíomh gréasáin nua ar fáil faoi lár 2007;
- chuaigh an Bord i ngleic go gníomhach trína phainéal comhairleach agus trí bhealaí eile le grúpaí pobail agus le páirtithe leasmhara eile, agus
- d’fhorbair sé freisin straitéis chuimsitheach cumarsáide. Táthar ag súil go mbeidh an straitéis ar fáil ag tús 2007.

**Réiteach Malartach ar Aighneas**

Lean an Bord de bheith ag cothú réitigh seachas coimhlint sna réimsí sin a bhfuil baint aige leo, go háirithe i réimse an dlí teaghlaigh. Ina Thuarascáil Bhliantúil do 2005 cuireadh béim ar thiomantas an Bhoird do dhlí teaghlaigh ‘comhoibríoch’. Tugann cleachtadh dlí comhoibríoch deis do chúplaí atá ag scaradh nó ag fáil colscaradh, oibriú le daoine gairmiúla atá traenáilte chun aighnis a réiteach roimh dhul chun cúirte.

I 2006, shocraigh agus d'éascaigh an Bord traenáil sa dlí comhoibríoch do bheagnach céad dlíodóir óna n-ionaid dlí féin agus ó chleachtais phríobháideacha. I Meitheamh 2006 lainseáil an Bord tionscnamh trasteorann sa dlí comhoibríoch lena chontrapháirt i dTuaisceart na hÉireann, an Coimisiún um Sheirbhísí Dlíthiúla. Tá sé mar chuspóir ag an mBord struchtúr comhoibríoch a thógáil i gcomhpháirtíocht le gairm an dlí.

Is eol don Bhord freisin nach bhfuil sa chleachtas dlí comhoibríoch ach múnla amháin chun aighneas a réiteach agus go bhfuil múnlaí eile a d'fhéadfadh bheith níos oiriúnaí i gcásanna áirithe. I Meitheamh 2006, lainseáil an Bord 'próiseas idirbheartaíochta struchtúrtha' píolótach. Fáth amháin a gcáintear an córas dlí teaghlaigh ná nach bhfuil aon chóras ná aon phróiseas ann chun réiteach ar fhadhbanna a idirbheartú seachas i gcomhthéacs imeachtaí cúirte. Is éard atá an próiseas idirbheartaíochta ag iarraidh a bhaint amach ná bunrialacha a leagan síos i gcomhair idirbheartaíochta, sa chaoi gur féidir leis na páirtithe a bheith soiléir faoi cad is féidir leo bheith ag súil leis ón bpróiseas agus freisin, cad a bheifear ag súil leis uathusan. Tá difríocht idir é féin agus cleachtas dlí comhoibríoch sa mhéid nach dtugann an dlíodóir gealltanas gan dul chun cúirte ar son a chliant agus freisin is cuid roghnach den phróiseas idirbheartaíochta struchtúrtha iad na cruinnithe idir na ceithre pháirtí atá mar chuid lárnach den phróiseas comhoibríoch. Déanann an t- iarracht píolótach tógáil ar na smaointe atá leagtha amach i leabhar aturnae an Bhoird Kevin Liston , *Family Law Negotiations – An Alternative Approach.*

**Seirbhís Chomhairle Dhlíthiúil Píolótach**
I rith 2006, chuir an Bord tús le seirbhís Chomhairle dhlíthiúil ar bhonn píolótach ar feadh tréimhse sé mhí ar dtús i gcúig cinn d'ionaid dlí an Bhoird. An cuspóir a bhí ag an tseirbhís phíolótach ná:

- rogha a thabhairt d'iarratasóirí ar sheirbhísí dlíthiúla ag na hionaid dlí ábhartha seirbhís chomhairleach thráthúil a fháil;
- cur ar chumas an Bhoird éifeachtacht soláthar seirbhíse chomhairleach, don Bhord agus dá chuid cliaint, a mheas, agus
- an tionchar a bheadh ag a leithéid de sheirbhís ar amanna feithimh ar sheirbhísí um chúnamh dlíthiúil a mheas.

Rinneadh monatóireacht ar an tseirbhís phíolótach ar bhonn rialta thar thréimhse sé mhí chun a éifeachtacht a mheas. Mar chuid den mheasúnú seo, forbraíodh suirbhéanna cliaint, aturnae, agus ionaid dlí chun cabhrú le measúnú a dhéanamh ar an bhfiúntas a bhainfeadh lena leithéid de sheirbhís. Ullmhófar tuarascáil le moltaí maidir le seirbhís chomhairleach a chur ar fáil sa todhchaí.

**Forbairt ar Aonad Faillí Míochaine**
Bunaíodh an tAonad Faillí Míochaine i Meán Fómhair 2006. Aithnítear go forleathan go bhfuil gá le saineolas ó speisialtóir i gcásanna a bhaineann le líomhaintí faillí i gcoinne dochtúirí agus ospidéal agus tá aturnae bainistíochta i gceannas ar an Aonad le cúlra i réimse na míochaine agus freisin le taithí shuntasach maidir le cásanna den chineál seo.

Tá líon suntasach de chásanna faillí míochaine aistrithe chuig an aonad agus táthar ag súil go n-aistreofar na cásanna eile, seachas iad siúd atá beagnach críochnaithe, i dtús 2007.

## Forbairtí reachtúla i 2006 a raibh tionchar acu ar sholáthar seirbhíse

**Athruithe ar Rialacháin um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta ag méadú na dteorannacha do cháilíocht airgeadais**
Ar 1 Meán Fómhair 2006 tháinig na Rialacháin um Chúnamh Dlíthiúil

Sibhialta i bhfeidhm. D'ardaigh siad go suntasach na teorannacha maidir le cáilitheacht airgeadais do chúnamh dlíthiúil. Ardaíodh an tairseach d'uasmhéid ioncaim indiúscartha chun cáiliú do sheirbhísí ó €13,000 go €18,000. Ardaíodh go suntasach freisin go leor de na liúntais gur féidir iad a fhritháireamh i gcoinne ollioncam duine. Tugann an tábla seo a leanas achoimre de na hathruithe sna liúntais.

**Tábla 12**

| Rialacháin | Roimh 1 Meán Fómh. 2006 | Tar éis 1 Meán Fómh. 2006 |
|---|---|---|
| **Ioncam indiúscartha** | €13,000 | €18,000 |
| **Liúntas Céile** | €1,900 | €3,500 |
| **Liúntas linbh do gach leanbh** | €1,100 | €1,600 |
| **Liúntas cúram leanaí do gach leanbh** | €1,100 | €6,000 |
| **Lóistín** | €4,900 | €8,000 |
| **Cáin ioncaim** | Méid iomlán | Méid iomlán |
| **Árachas sóisialta** | Méid iomlán | Méid iomlán |
| **Ex gratia** | €1,040 | €1,040 |

I dteannta leis na hardaithe sna liúntais, d'fhoráil na Rialacháin freisin nach gcuirfí teach cónaithe duine san áireamh feasta i measúnú a n-acmhainní caipitil. Mar sin, ní chuirtear luach teach cónaithe duine san áireamh nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar acmhainní caipitil duine chun a shocrú an bhfuil siad i dteideal seirbhísí nó chun a shocrú cén síntiús airgid ba chóir dóibh a thabhairt.

**Athruithe sa Dlí Tearmainn**
I réimse an tearmainn tugadh isteach foirm nua cosanta ar a dtugtar cosaint chúnta i nDeireadh Fómhair 2006. Baineann sé seo le cás daoine nach gcáilíonn i gcomhair stádas dídeanaí ach mar sin féin go mb'fhéidir go bhfuil gá acu le cosaint de bhrí go bhfuil an-bhaol ann go ndéanfaí "dochar mór" dóibh. Tugadh isteach an fhoirm nua cosanta seo trí ionstraim reachtúil a thugann éifeacht d'fhorálacha Threoir Cháilíochtaí an AE ( a bhaineann le hiarratais ar thearmann) i ndlí na hÉireann.

Chinn an Chúirt Uachtarach i gcinneadh, in Iúil 2006, gur chóir go mbeadh teacht ag iarratasóirí ar thearmann ar chintí ábhartha a ghlac an Binse Achomhairc do Dhídeanaithe roimhe seo, chun cuidiú leo agus iad ag ullmhú a gcuid achomharc chuig an mbinse. Rinne an Binse Achomhairc do Dhídeanaithe na socruithe chun éifeacht a chur leis an gcinneadh seo níos déanaí sa bhliain.

1 S.I. No. 518 of 2006 European Communities (Eligibility for Protection) Regulations 2006

# Seachadadh Seirbhísí a Chumasú

Mar a tugadh le fios níos luaithe, an misean atá ag an mBord um Chúnamh Dlíthiúil ná seirbhís um chúnamh agus chomhairle dhlíthiúil atá gairmiúil, éifeachtach, costéifeachtúil agus insroichte a chur ar fáil. Mar atá le heagraíocht ar bith, baineann an Bord úsáid as raon de sheirbhísí tacaíochta chun cur ar a chumas a chuid spriocanna lárnacha a bhaint amach. Tá ról an-tábhachtach ag na seirbhísí tacaíochta seo mar go gcaithfidh siad a chinntiú go bhfuil na coinníollacha riachtanacha ann chun go mbeadh an Bord in ann a chuid seirbhísí a sheachadadh chuig an bpobal.

## Acmhainní Daonna

Cuireadh béim nach beag i 2006 ar na straitéisí AD agus traenála a fhorbairt agus chun pleananna a chur in áit chun na straitéisí seo a chur i bhfeidhm. Tugadh aitheantas dá réir seo don tábhacht a bhaineann le straitéisí AD a bheith ann a thacaíonn leis na spriocanna i bPlean Chorparáideach an Bhoird. Cuireann na straitéisí seo creat ar fáil agus taobh istigh den chreat sin is féidir le AD athrú sa Bhord a threorú agus tacú le forbairt leanúnach a dhéanamh ar fhoireann oibre atá an tiomanta agus spreagtha.

**Straitéis Acmhainní Daonna 2006-2008**
Rinneadh forbairt ar Straitéis AD nua, ag leagan amach cuspóirí agus spriocanna Rannóg Acmhainní Daonna an Bhoird sa tréimhse trí bliana ó 2006 go 2007 ag leanúint ó chomhairliúchán forleathan taobh istigh den Bhord agus taobh amuigh de.

Tá an straitéis dírithe go mór ar ghníomhaíocht agus beagnach 130 gníomhaíocht faoi leith aitheanta le fráma ama chun gach gníomhaíocht a bhaint amach. Ullmhaíodh an straitéis mar aitheantas don ghá atá ann feidhm fhuinniúil AD a bheith sa Bhord. Tá sé beartaithe go mbeadh éabhlóid shuntasach leanúnach ar AD, ar a n-áirítear béim níos mó ar ról na feidhme AD mar "ghníomhaire don athrú inmheánach" forbairt a dhéanamh ar Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse do chustaiméirí inmheánacha agus ról níos straitéisí a ghlacadh maidir le forbairt beartais chun tacú le traenáil agus le breisoideachas san eagraíocht.

**Plean maidir leis an bhfoireann oibre**
Cuireadh bailchríoch le Plean an Bhoird maidir leis an bhFoireann Oibre i 2006. Tugann an Plean aghaidh ar roinnt ceisteanna a bhaineann le AD mar atá:

- tionchar an dílárú ar an eagraíocht;
- anailís ar phróifíl aoise agus inscne fhoireann oibre an Bhoird;
- earcú agus roghnú, agus
- an tionchar fadtéarmach a bheidh ag maoiniú pinsean aturnaetha ar bhuiséad pá an Bhoird.

Bhí baint mhór ag an bplean le pleanáil an Bhoird don dílárú, agus chun tionchar an dílárú a íoslaghdú i 2006. Thug an Plean treoir freisin maidir le pleanáil airgeadais, ag éirí as anailís ar phróifíl aoise aturnaetha, earcú, soghluaisteacht foirne agus ceisteanna a bhaineann le cothromaíocht idir saol agus obair.

**Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí 2006 - 2008**
Ag leanúint ó lainseáil Chairt Chustaiméirí an Bhoird i 2005, rinne an Bord athbhreithniú ar an bPlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí i rith 2006 agus é ar intinn aige plean leasaithe a fhorbairt. Tá an Plean leasaithe, a cheadaigh an Bord agus a foilsíodh i 2006, dírithe níos mó ar sholáthar:

- caighdeáin níos sonraí de chúram custaiméara chun tiomantais seirbhíse do chliaint an Bhoird a shásamh, agus
- leibhéal níos airde de mhonatóireacht agus de dhearbhú cáilíochta ar an tseirbhís.

Forbraíodh teimpléad feidhmithe do Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí 2006-2008 freisin i 2006.

**Córas Bainistíochta & Forbartha Feidhmíochta (CBFF)**
I rith 2006 glacadh céimeanna chun feidhmiú a dhéanamh ar mholtaí ón athbhreithniú seachtrach den CBFF a rinneadh i 2005, ar a n-áirítear doiciméadú leasaithe maidir le CBFF i limistéir áirithe ar bhonn píolótach. Tugadh eolas faoi mhúnla comhtháthaithe CBFF ag cruinnithe réigiúnacha agus freisin tugadh aghaidh ar fhorbairt teimpléad do phlean gnó ag roinnt gréasáin i rith na bliana.
Ag druidim le deireadh 2006, cuireadh traenáil ar fáil do roinnt grúpaí bainisteoirí ar fheidhmiú an mhúnla chomhtháthaithe de CBFF.

**Comhpháirtíocht agus Fochoistí**
Tháinig Coiste Comhpháirtíochta an Bhoird le chéile 6 huaire i rith 2006. Rinne an Coiste maoirseacht ar obair cúig fhochoiste, mar atá:

- Traenáil agus Forbairt Foirne;
- Cumarsáid Inmheánach;
- An tAcht um Eagraí Ama Oibre;
- Comhionannas agus Míchumas, agus
- Sláinte agus Sábháilteacht.

I rith 2006, bhí ionchur suntasach ag an gCoiste Comhpháirtíochta i bhforbairt 6ú Tuarascáil an Bhoird ar Dhul Chun Cinn maidir le feidhmiú Phlean Gníomhaíochta an Bhoird chun Dul Chun Cinn a Chothú agus le forbairt an Phlean Gníomhaíochta I dTreo 2016.

**Dílárú**
Thug cuid mhaith d'fhoireann na Ceannoifige ar a n-áirítear cuid d'fhoireann sinsearach an Bhoird le fios go raibh siad ag iarraidh aistriú chuig an Roinn Ealaíon Spóirt agus Turasóireachta le bheith lonnaithe i gCill Airne. Tairgeadh na haistrithe sin agus glacadh leo i rith 2006. Trí idirchaidreamh dlúth leis an Roinn agus leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, de réir ár bplean don Fhoireann Oibre, íoslaghdaíodh an tionchar a bhí ag aistrithe den sórt sin ar an tseirbhís a chuireann an Cheannoifig ar fáil agus ag an am céanna ag éascú na Roinne trína n-aistriú chuig oifig shealadach a chur chun cinn. Leanfaidh an dlúthchaidreamh seo ar aghaidh i 2007 maidir le haon aistrithe atá fágtha .

**Straitéis um Thraenáil agus Forbairt 2006-2008**
Cuireadh bailchríoch le Straitéis nua um Thraenáil agus Forbairt, a forbraíodh i gcomhpháirtíocht le Fochoiste an Bhoird um Thraenáil agus Forbairt Foirne, i rith 2006 agus scaipeadh ar na baill foirne ar fad é. Rinneadh cur i láthair maidir leis na prionsabail agus na spriocanna a bhfuil an Straitéis bunaithe orthu ag na Cruinnithe

# Seachadadh Seirbhísí a Chumasú (ar lean)

Réigiúnacha i rith 2006. Leagann an Straitéis síos freisin róil agus freagrachtaí na bpáirtithe leasmhara éagsúla san eagraíocht maidir le traenáil agus forbairt. Tugann sé aitheantas don ról tábhachtach atá ag traenáil agus forbairt i dtacú leis an mBord chun seirbhís cháilíochta a chur ar fáil.

Tá níos mó ná 60 gníomhaíocht agus fráma ama chun gach ceann a bhaint amach sa Straitéis. Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le líon mór de ghníomhaíochtaí ar a n-áirítear iad seo a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht, ionduchtú, FE agus oideachas leanúnach/gairmiúil chomh maith le forbairt ar chúrsaí traenála modúlacha do bhainistíocht. Leanfaidh an obair ar aghaidh orthu seo agus ar ghníomhaíochtaí eile i rith 2007.

## Rannóg na Seirbhísí Dlíthiúla

Leanann Rannóg na Seirbhísí Dlíthiúla de bheith ag cur feidhmeanna riaracháin agus tacaíochta atá fíor thábhachtach ar fáil d'ionaid dlí maidir le seachadadh seirbhísí dlíthiúla don phobal. Tá an rannóg seo freagrach as bainistiú an chórais chun seirbhísí dlíthiúla a cheadú nó a dhiúltú de réir fhorálacha an Achta um Chúnamh Dlíthiúil Shibhialta, 1995 agus na Rialacháin faoin gcéanna. Ciallaíonn sé seo idirchaidreamh le haturnaetha i gcásanna deacra/ práinneacha ar a n-áirítear comhráití ar an reachtaíocht agus an cásdlí ábhartha and beartas agus treoracha an Bhoird a shoiléiriú. Tá ról tábhachtach ag an rannóg freisin maidir le luach airgid a chinntiú i soláthar seirbhísí dlíthiúla agus géilliúntas leis an Acht um Chúnamh Dlíthiúil Shibhialta, 1995 a chinntiú. Tá freagracht ar an rannóg freisin chun eolas don bhainistíocht a bhailiú agus a chur ar fáil de réir mar is gá, ar a n-áirítear staitisticí ábhartha agus eolas a bhaineann leis an tuarascáil bhliantúil a chur amach.

## Bainistíú Airgeadais

Tá Aonad Airgeadais an Bhoird freagrach as soláthar feidhmeanna airgeadais agus ceann de na príomhfhreagrachtaí atá ar an mBord ná bainistiú airgeadais na heagraíochta. Baintear amach é seo trí chórais éifeachtúla chuntasaíochta, mhonatóireachta agus rialaithe a choinneáil .

Tá córas cuimsitheach buiséadaithe ag an mBord a chuimsíonn na buiséid bhliantúla a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh ar thuairiscí míosúla airgeadais a rianaíonn caiteachas in aghaidh phróifíl aontaithe ar gach réimse caiteachais, le tuairiscí athraithis, más iomchiú. I 2006 lean an coiste airgeadais ag déanamh athbhreithnithe ar thuairiscí miona anailíse maidir le gach réimse den chaiteachas.

Arís eile, feidhm ríthábhachtach d'obair an Aonaid i 2006 ná cruthú an chomhaid iniúchta bhliantúil agus ráitis airgeadais d'fhaomhadh an Bhoird agus chun glacadh leo ag oifig an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá cóip de na cuntais do 2006 iniata ag Aguisín 1 chomh maith le cóip de thuairisc an ARCC ar na cuntais.

## SDD Ateangaireacht agus Aistriúchán

Chuir an tSeirbhís Dhlíthiúil do Dhídeanaithe (SDD) amach tairiscintí i gcomhair seirbhísí ateangaireachta agus seirbhísí aistriúcháin i 2006. An toradh a bhí air seo ná conradh amháin a bhronnadh chun riachtanais uile an SDD maidir le seirbhísí ateangaireachta agus aistriúcháin a sholáthar d'oifigí an SDD i mBaile Átha Cliath, Corcaigh agus Gaillimh. An chuspóir atá leis an gconradh seo ná cur le soláthar seirbhíse cháilíochta trína chinntiú go mbeidh fáil ar sheirbhísí ateangaireachta atá iontaofa agus tráthúil. Tá sé i gceist freisin gur féidir na bearta dearbhaithe cáilíochta atá ann faoi láthair do na seirbhísí seo a fhorbairt agus a fheabhsú. Tá an tairiscint agus an conradh a bhí mar thoradh air dírithe ar luach airgid a chinntiú sa ghné seo de sholáthar seirbhíse.

## Leabharlann an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil

Athbhunaíodh agus lainseáladh Leabharlann an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil sa ráithe deireadh de 2006. An ról atá aici ná seirbhís eolais a chur ar fáil chun tacú le hobair an Bhoird. Ceapadh leabharlannaí agus rinneadh iniúchadh ar ábhar, agus chuathas i dteagmháil le hionaid dlí chun a gcuid riachtanas a chinntiú. Rinneadh forbairt ar an mbailiúchán leabharlainne tri cheannach leabhar, nuashonrú ar thréimhseacháin agus suibscríbhinní leictreonacha breise a fháil. Cuireadh trí shuibscríbhinn leictreonach ar fáil do gach ionad dlí, Firstlaw, Westlaw agus Consolidated District Court Rules. Rinne an leabharlann socrú chun go mbeadh teacht ag ionaid dlí ar sheirbhís cuardaigh ar líne Chlárlann na Talún. Chuidigh sí freisin le 3 eagrán de Legal Information Bulletin a fhoilsiú. Tugadh roinnt cuairteanna staidéir ar leabharlanna eile den chineál céanna chun eolas a fháil agus chun breathnú ar chleachtais agus ar nósanna imeachta.

## Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Lean an Bord d'fheidhmiú a Straitéis TFC 2005-2007 i rith na bliana. Bhain fócas forbartha TFC i 2006 den chuid is mó leis an infreastruchtúr cúlrach atá riachtanach chun éascú leanúnach ar sholáthar seirbhíse a chinntiú. D'éirigh buntáistí an athraithe a rinneadh ar an múnla stórála lárnaigh a feidhmíodh i 2005 níos soiléire le himeacht ama. Bhí sé níos solúbtha, agus bhí sé ar chumas na foirne rochtain a dhéanamh ar an gcóras ag aon cheann d'ionaid an Bhoird. Cuireadh tús le feidhmiú an láithreáin um athshlánú tionóisce agus nuair a bheidh sé críochnaithe, cuirfidh sé athléimneacht níos mó agus athshlánú tionóisce níos éifeachtúla

ar fáil. Mar sin, cinnteoidh stóras lárnach agus an láithreán um athshlánú tionóisce leanúnachas agus iontaofacht níos mó maidir le soláthar seirbhísí do chustaiméirí.

Tosaíodh ar líon d'fhorbairtí suntasacha i rith na bliana, ar a n-áirítear Tairseach an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil agus athdhearadh ar shuíomh gréasáin an Bhoird. Cuirfidh an tairseach go mór leis na feidhmeanna atá ann faoi láthair a thacaíonn le seachadadh seirbhíse an Bhoird. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an tionscadal chun suíomh gréasáin an Bhoird a athfhorbairt a thosaigh freisin i rith na bliana agus a bhfuil spriocdáta críochnaithe agus lainseála i 2007 aige. An príomh chuspóir atá leis an tionscadal seo ná eolas cuimsitheach a chur ar fáil faoi sheirbhísí an Bhoird a sholáthar ar bhealach a bhfuil sé éasca teacht air agus é a úsáid.

## Tacaíocht Eagraíochtúil

I 2006 lean an tAonad Eagraíochta de bheith ag cur na bhfeidhmeanna riachtanacha ar fáil chun cur ar chumas an Bhoird a chuid oibre a dhéanamh. Tá 37 oifig lánaimseartha feidhmithe ag an mBord ar fud na tíre, a chuimsíonn ionaid dlí agus foirgnimh na ceanncheathrún. Oibríonn sé roinnt ionad dlí páirtaimseartha freisin. I 2006 rinne an tAonad Eagraíochta bainistíocht ar an bpunann maoine seo agus freisin rinne sé soláthairtí agus seirbhísí do na hionaid éagsúla a riar. Ba í an bhunrannóg ag déileáil le soláthar don Bhord í agus chuir sí tacaíocht chorparáideach ghinearálta ar fáil don eagraíocht níos forleithne.

Bhí an tAonad Eagraíochta freagrach freisin as beartas sláinte agus sábháilteachta an Bhoird (féach thíos) agus as cinntiú gur cuireadh an reachtaíocht a bhaineann le saoráil faisnéise i bhfeidhm go héifeachtúil. Rinne sé bainistíocht ar chlóbhualadh agus dáileadh foilseachán, cosúil le tuarascálacha agus bileoga eolais. Bhí ionchur ag an rannóg maidir le feidhm iniúchta inmheánach, agus rinne sí comhordú ar bhainistíocht riosca agus rialú corparáideach don eagraíocht níos forleithne.

Cuireadh tacaíocht eagraíochtúil sa bhreis ar fáil trí fheidhme na Seirbhísí Corparáideacha don SDD a dhéanann déileáil le clárú na gcliant nua leis an SDD, seirbhísí for-rochtana, seirbhísí ateangaireachta agus aistriúcháin, bainistiú sheirbhís SDD um Chleachtóirí Príobháideacha, bainistú ar cheadú nó diúltú chúnaimh dhlíthiúil ar a n-áirítear imeachtaí maidir le hathbhreithniú breithiúnach. Rinne an fheidhm seo bainistíocht freisin ar an idirghníomhaíocht idir soláthraithe seirbhíse SDD agus an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, na gníomhaíochtaí a bhíonn ag déileáil le hiarratais ar thearmann agus roinnt eile feidhmeanna corparáideacha.

## Sláinte agus Sábháilteacht.

I 2006 dhréachtaigh an Bord, Ráiteas Sábháilteachta cuimsitheach nuashonraithe chun a chinntiú go leanann foireann an Bhoird de bheith ag obair i dtimpeallacht atá sábháilte agus slán. Bhí an ráiteas ceaptha freisin chun comhlíonadh maidir leis an Acht um Sábháilteacht, Sláinte agus Leas le linn Oibre a chinntiú.

Lena chinntiú go gcuirtear tiomantas an Bhoird mar atá leagtha amach sa ráiteas sábháilteachta i bhfeidhm go héifeachtúil, ceapadh ionadaithe sábháilteachta, maoir tine, agus lucht garchabhrach, ó fhoireann oibre an Bhoird ins na hionaid éagsúla atá aige ar fud na tíre. Thosaigh an traenáil dóibh siúd a ainmníodh do na poist sin i 2006 i gcomhar leis an Aonad Traenála. Fuair baill foirne taobh istigh den Aonad Eagraíochta traenáil maidir le measúnú riosca agus thosaigh siad á dhéanamh sin in áitribh an Bhoird i dtreo dheireadh na bliana.

## Comhionannas Deiseanna ar Fhostaíocht

Is fostóir comhdheise é an Bord. Déantar breithniú iomlán agus cóir ar gach iarratasóir ar phost, agus an aird is cóir á thabhairt ar chumas agus ábaltacht an duine aonair agus na riachtanais agus na critéir cháilitheachta don phost atá i gceist. Is mar an gcéanna a chaitear le gach duine maidir le forbairt gairme, ardú céime agus traenáil. Tá Oifigeach Comhionannais ag an mBord a dhéanann monatóireacht ar bheartas comhionannais an Bhoird agus na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004.

Ghlac an Bord roinnt tionscnaimh i réimse an Chomhionannais agus na hÉagsúlachta i rith 2006. Cuireadh fochoiste den Choiste Comhpháirtíochta ar bun chun beartas nua Comhionannais agus Míchumais a fhorbairt don eagraíocht chun forálacha an Achta Michumais, 2005, go háirithe, a léiriú. Rinneadh dul chun cinn suntasach i dtreo chomhlánú an tasca seo faoi dheireadh na bliana. Mar chuid dá shainchúraimí thug an fochoiste faoi thaighde, ina raibh idirchaidreamh dlúth aige leis an Údarás Náisiúnta Míchumais (UNM), ar a n-áirítear scrúdú a dhéanamh ar na féidearachtaí a bhaineann le cur isteach ar ghradaim 'Barr Feabhais Trí Rochtain' i gcúpla ionad. Leathnaigh an Bord freisin an ról atá ag an Oifigeach Comhionannais chun an ról nua atá ag an Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas a chuimsiú.

# Airgeadas

## Tá ráitis airgeadais an Bhoird do 2006 le feiceáil in Aguisín 1.

**Ioncam**

Seo a leanas roinnt ráiteas faoi fhoinsí ioncaim an Bhoird.

(a) *Deontas i gCabhair*

Mar a bhí sna blianta roimhe seo, tháinig an chuid is mó d'ioncam an Bhoird ó dheontas i gcabhair ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Chuir an rialtas maoiniú de €21.913 milliún ar fáil i 2006, i gcomparáid le €21.362 i 2005.

(b) *Seirbhís Dhlíthiúil do Dhídeanaithe*

Ba é an maoiniú ón Státchiste don SDD i 2006 ná €7.726 milliún, i gcomparáid le €9.226 milliún i 2005. Ba leor an maoiniú sin chun costas sholáthar na seirbhísí um chúnamh dlíthiúil a chuir an tSeirbhís Dhlíthiúil do Dhídeanaithe ar fáil don bhliain iomlán a íoc.

(c) *Ranníocaíochtaí*

Íocann daoine a fhaigheann cúnamh dlíthiúil ranníocaíocht a bhaineann lena n-ioncam agus, i gcásanna áirithe, lena n-acmhainní caipitil. Is í an ranníocaíocht is lú ná €10 do chomhairle dhlíthiúil agus €50 d'uiríoll sa chúirt. Is féidir an ranníocaíocht is ísle seo a chur ar ceal i gcásanna cruatain.

(d) *Aisghabháil chostas*

Is féidir leis an mBord na costais a bhaineann le soláthar seirbhísí dlí a fháil ar ais ó:

(i) an páirtí eile san aighneas, bíodh sé mar thoradh ar ordú cúirte nó mar chuid de shocrú chun aighneas a réiteach, nó
(ii) ón duine a fuair an cúnamh dlíthiúil, as airgead/sealúchas a fuair an duine mar thoradh ar sheirbhísí dlíthiúla a fháil.

Is féidir go mbíonn méid na gcostas a fhaightear ar ais an-éagsúil ó bhliain go bliain, go háirithe má dhámhann costais don duine a fuair cúnamh dlíthiúil, i gcás gur féidir leis an bpáirtí eile na costais a íoc. Ní tharlaíonn sé seo de ghnáth i gcásanna dlí teaghlaigh, atá mar thromlach na gcásanna a bhíonn ag an mBord.

Bhí na costais a fuarthas ar ais i 2006 (€1,347,433) 99% níos airde ná i 2005 (€676,183).

**Caiteachas**

Seo a leanas tráchtaí ar na nithe móra den chaiteachas atá á léiriú i ráitis airgeadais 2006:

1) *Tuarastail*

Bhí cúpla cúis leis an ardú de €1,799,769 (11%) ar chaiteachas ar chostais na bhfostaithe i 2006 (gan costais phinsean na n-aturnaetha san áireamh). Ina measc, an costas thar bhliain iomlán a bhain le líonadh poist ag deireadh 2005, tagarmharcáil agus arduithe pá, costas breisíochtaí, agus tionchar ionadaithe maidir le saoire máithreachais, agus an t-achar breise a cuireadh le saoire mháithreachais reachtúil go luath i 2006.

2) *Costais Chóiríochta agus Teaghlachais*

Tháinig méadú de €299,969 (7%) ar chaiteachas sa réimse seo i 2006. Sa cheannteideal seo áirítear caiteachas a bhain le cothabháil agus forbairt a dhéanamh ar ríomhairí. I rith 2006 chuir an Bord tionscadail maidir le Stóráil Lárnach agus Leabharlann Nua a chosain €229,000 i gcrích. Costais bhreise a bhain le fuinneamh agus teas ba chúis leis an gcuid eile den ardú.

3) *Táillí dlí agus speansais*

Clúdaítear roinnt eilimintí éagsúla faoin gceannteideal seo – féach Nóta 7 leis na cuntais – agus tá trácht curtha ar fáil faoi gach ceann de na ceannteidil, a chomhdhéanann an t-iomlán mar seo leanas:

(i) *Táillí abhcóidí*

Tháinig méadú de bheagnach €1.47 million nó 27% ar tháillí i gcomparáid le 2005. Tarlaíonn sé seo de bharr (1) ardú i leibhéal na n-íocaíochtaí táillí d'abhcóidí i 2006 thar 2005 (€633,000) agus (2) an cleachtadh cuimsitheach a chuir an Bord i gcrích chun dliteanais fhabhraithe an Bhoird maidir le táillí abhcóide a mheas. Ba é an fabhrú do tháillí abhcóide ag 31 Nollaig 2006, le haghaidh oibre a raibh tabhaithe ach gan íocaíocht á éileamh uirthi go fóill, ná €5,084,000.

Nuair a dhéantar aisghabháil ar chostais, íoctar an tsuim a fhaightear ar ais i leith táillí abhcóide leis an abhcóide agus bíonn sé seo níos airde de ghnáth ná an táille a íocann an Bord.

Léiríonn an tábla seo a leanas an treocht sa chaiteachas ar tháillí abhcóide maidir le cúnamh dlíthiúil le seacht mbliana anuas.

| Bliain | Táillí Abhcóide |
|---|---|
| 2000 | €1,996,000 |
| 2001 | €2,318,000 |
| 2002 | €3,326,000 |
| 2003 | €3,978,000 |
| 2004 | €2,995,000 |
| 2005 | €5,376,000 |
| 2006 | €6,847,000 |

(ii) *Táillí dlíthiúla - speansais*

Tá na speansais seo a bhaineann le cásanna éagsúla mar speansais bhreise a thabhaigh an Bord, le cois táillí abhcóidí, i soláthair seirbhísí sibhialta do chliaint. Tagann méid an chaiteachais faoin ceannteideal seo ó riachtanais na gcásanna a láimhsíonn an Bord in aon bhliain faoi leith. Bhí méadú beag de 1% i 2006 i gcomparáid le 2005.

(iii) *Scéim na gCleachtóirí Príobháideacha*

Bhí caiteachas de €3.034 milliún i 2006 ar scéim na gcleachtóirí príobháideacha 70% níos mó ná i 2005. Tagann an méadú seo go príomha as modh athbhreithnithe a tharraing an Bord isteach chun ceadúnais um chúnamh dlíthiúil faoi scéim na gcleachtóirí príobháideacha a fhabhrú tar éis don Bhord mionscrúdú a dhéanamh chun teacht ar measúnú dhliteanais fabhruithe an Bhoird san réimse seo. Bhí fabhrú ar tháillí na gcleachtóirí príomháideacha ar mhéid €1,757milliún ar an 31ú Nollag 2006 le haghaidh oibre a raibh tabhaithe ach nár cuireadh ar aghaidh ar bhun íocaíochta fós.

(iv) *Táillí gairmiúla eile*


Baineann na costais faoin ceannteideal seo le fostú daoine gairmiúla ag an mBord chun comhairle neamhspleách dlíthiúil agus seirbhísí proifisiúnta a chur ar fáil don Bhord. Léiríonn an méadú de 48% i 2006, i gcomparáid le 2005, an gá breise atá ag an mBord dul in árach a gcuid comhairleoirí dlíthiúla ag éirí as cásanna dlíthiúla a bhfuil gabháil ag an mBord leo.

(v) *Speansais eile*

Caithfidh teastas cleachtais a d'eisigh Cumann Dlí na hÉireann a bheith ag dlíodóirí a bhíonn fostaithe ag an mBord um Chúnamh Dlíthiúil. Is é an costas iomlán a bhí ar na teastais seo i 2006 ná €235,000. Tá an caiteachas ar thraenáil, oideachas agus ar shíntiúis bhliantúla ballraíochta faoin gceannteideal seo freisin.


Léiríonn an graf a leanas miondealú ar chaiteachas an Bhoird le ceithre bliana anuas.

**Cairt 6: Caitheachas**




Léiríonn an graf a leanas an gaol idir maoiniú an Oireachtais agus an fíor mhéid caiteachais le deich mbliana anuas.

**Cairt 7: Maoiniú vs. Caiteachas**




### Airgead Tirim sa Bhanc agus ar Láimh

Léiríonn an Clár Comhardaithe go raibh breis is €3.51 milliún ar láimh ag an mBord ag deireadh 2006. Bhí €1.476 milliún den airgead seo á choinneáil le haghaidh na gcliant. Is féidir a fheiceáil ó Nóta 12 sna cuntais gurb é tríchur chistí na gcliant i 2006 ná €13.254 milliún. D'eascair sé seo as cásanna ina bhfuair an cliant airgead ón bpáirtí eile nó ó dhiúscairt sealúchais, mar gheall ar chomhairle dhlíthiúil nó uiríoll sa chúirt. Lóisteáiltear a leithéid d'airgead i gCuntas Chistí na gCliant do Chúnamh Dlíthiúil ar dtús, sular dtugtar é do na cliaint. I gcásanna áirithe tógann an Bord ar ais cuid dá chostais do chur ar fáil na seirbhísí dlíthiúla. Bíonn airgead tirim fhigiúr an Bhainc ar aon dul le leibhéal caiteachais an Bhoird gach mí, taobh amuigh de chistí na gcliant agus meastar gur méid réasúnta é le bheith ar láimh ag aon am amháin.

### An tAcht um Íocaíocht Pras na gCuntas, 1997

Cuireann Cuid 4 den Acht um Íocaíocht Phras, 1997 dualgas ar an mBord íoc as soláthar na n-earraí nó na seirbhísí faoin dáta íocaíochta forordaithe. Is é an dáta sin faoi láthair ná 30 lá tar éis sonrasc a fháil, nó tréimhse níos giorra go bhféadfaí a luadh i gconradh scríofa. Má theipeann ar an mBord an íocaíocht a dhéanamh faoin dáta íocaíochta forordaithe, beidh ús iníoctha leis an soláthraí. Cinntíonn na nósanna imeachta go gcomhlíonann an Bord an tAcht i ngach caoi ábhartha. Níor íocadh aon ús um íocaíocht déanaigh le soláthraithe earraí nó seirbhísí i rith na bliana 2006.

# Aguisín 1
## Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2006



# Ciste um Chúnamh Dlíthiúil Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais an Chiste Cúnaimh Dhlíthiúil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 iniúchta agam faoin Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995. Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas Gnóthachan agus Caillteanas Aitheanta Iomlán, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara.

**Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach**
Tá an Bord um Chúnamh Dlíthiúil freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Bord na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí an Bhoird leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí an Bhoird.

Is é m'fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Bord an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an dtagann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagaim ar an eolas faoi aon rud atá, de réir cosúlachta, ina mhíráiteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais.

**An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis**
I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Bhoird, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

**Tuairim**
Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí an Chiste Cúnaimh Dhlíthiúil ag 31 Nollaig 2006 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an mBord. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Gerard Smyth
Le haghaidh agus thar ceann an
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
14 Lúnasa 2007

# Ciste um Chúnamh Dlíthiúil
# Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Bhoird


Rialaíonn Alt 20 den Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta 1995, go gcoinníonn an Bord cuntais chearta d'aon airgead atá faighte nó caite aige. Caithfear é seo a dhéanamh i bhfoirm atá ceadaithe ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, le toil an Aire Airgeadais. In ullmhú na ráiteas airgeadais seo, caithfidh an Bord:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhunús gnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé míoiriúnach a bheith ag ceapadh go leanfaidh an Ciste de bheith ag feidhmiú, agus
- a lua má leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir aon athruithe ábhartha atá nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chearta a choinneáil a léiríonn go réasúnta cruinn staid airgeadais an Chiste ag aon am. Ba cheart go gcuirfeadh na cuntais seo ar a chumas a bheith cinnte go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Roinn 20 den Acht. Chomh maith leis seo tá an Bord freagrach as sócmhainní an Chiste a chosaint. Mar sin ba cheart go leanfadh sé na céimeanna réasúnta chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.



Cathaoirleach
23 Iúil 2007



Ball an Bhoird

# Ciste um Chúnamh Dlíthiúil
# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

1. Admhaím, thar ceann Bhord an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil, go bhfuil an Bord freagrach as a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach de rialú inmheánach airgeadais san eagraíocht.

2. 2.Ní féidir lena leithéid de chóras ach cosaint réasúnta agus ní cosaint iomlán a thabhairt i gcoinne botúin ábhartha. Agus éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha airgeadais á mheas, tugann an Bord aird ar riachtanais an Chóid Chleachtais do Rialú na gComhlachtaí Stáit, i measc rudaí eile.

3. I measc na nósanna imeachta is tábhachtaí atá curtha i bhfeidhm ag an mBord chun rialú inmheánach airgeadais a chur ar fáil, tá
   - Timpeallacht Rialaithe: Déantar feidhmeanna bainistíochta agus feidhmeannacha an Bhoird a tharmligean ar an bPríomhfheidhmeannach agus ar bhainistíocht shinsearach na heagraíochta trí rúin an Bhoird reachtúil, a dhéanann monatóireacht agus athbhreithniú ar obair na bainistíochta sinsirí, a dhéanann tuairisciú chuige ag na cruinnithe míosúla agus tríd na Coistí éagsúla. Forbraíodh Lámhleabhar Rialachais Corparáideach i 2006 chun achoimre soiléir agus cuimsitheach de phríomhphointí rialachais corparáideach a chuir ar fáil don Bhord agus an bainistíocht sinsearach. Tá sé mar aidhm chomh maith go bhfuil a gcuid freagrachtaí dlíthiúla curtha in iúl go beacht do Bhaill an Bhoird agus go bhfuil siad eolach ar na forálacha reachtúla atá bainteach lena seasadh agus na buncheisteanna eagrúcháin, polasaithe agus straitéisí a chuireann le na bhfeidhm;

   - Córais um Eolas Buiséid: tá córas buiséadaithe cuimsitheach ag an mBord. Mar chuid de seo tá glacadh an Bhoird reachtúil leis na buiséid bliantúla agus monatóireacht ar thuairiscí airgeadais míosúla. Déanann siad seo rianú ar an gcaiteachas maidir le próifílí socraithe i ngach réimse den chaiteachas. Déantar é seo le tuarascálacha athraithis, nuair is cuí. Déanann Coiste Airgeadais an Bhoird Reachtúil breithniú ar mhaoiniú an Bhoird agus tugann siad tuairisc don Bhord ar a chuid cúrsaí airgeadais agus polasaithe. Déanann an Choiste freisin léirmheas ar thuarascálacha mionsonraithe i réimsí caiteachais áirithe;

   - Bainistiú Riosca: Tá an Bord tar éis glacadh le polasaí um Bainistiú Riosca atá sainmhínithe go soiléir agus tá siad tar éis é a chur i bhfeidhm. Chomh maith leis sin coinníonn sé Clár Riosca foirmiúil a dhéanann taifeadadh ar riosca gnó agus maoluithe bainteacha eile, chomh maith le rialuithe agus gníomhartha do gach réimse de ghníomhaíochtaí an Bhoird. Déantar é seo trí chur i bhfeidhm teicnící um anailísiú riosca ar a chuid cuspóirí gnó. Tá prionsabail na hanailíse riosca curtha i bhfeidhm don Bhord, de réir oird agus eagair, ar aidhmeanna na bPleananna Gnó ar fad agus tá bainistiú riosca mar bhunchuid den Phróiseas um Pleanáil Gnó.
     Tá freagracht ar Choiste Iniúchta an Bhoird reachtúil as monatóireacht, athbhreithniú agus tuairisciú a dhéanamh chuig an mBord maidir leis an bhfeidhm seo agus tá meicníocht curtha i bhfeidhm aige chuige sin;

   - Nósanna Imeachta: tá sainmhíniú soiléir déanta ag an mBord ar na treoracha agus ar na nósanna imeachta airgeadais. Ina measc tá caitheamh tarmligthe agus teorannacha údarásaithe agus deighilt na ndualgas, de réir rún an Bhoird Reachtúil. San áireamh leis sin, tá cead coimeádta ag an mBord Reachtúil do chaiteachas ar chonraí le luach de bhreis is €65,000 agus fógraítear é leis an gCoiste Airgeadais faoi na conarthaí go léir a bhfuil luach de bhreis is €10,000 orthu agus faoi bhun €65,000.

   - Monatóireacht ar Rialú Inmheánach: Tá feidhm ag an mBord d'Iniúchadh Inmheánach, a dtugann Coiste Iniúchta an Bhoird reachtúil cead dá chlár iniúchta bliantúil. Tá sé mar fheidhm aige athbhreithniú a dhéanamh ar gach réimse de na rialuithe inmheánacha airgeadais. Déanann an Coiste Iniúchta athbhreithniú ar obair agus ar mholtaí na bhfeidhmeanna iniúchta inmheánaigh agus déanann sé monatóireacht ar an ngníomh a dhéanann an bhainistíocht chun aon ábhar a aithníodh a leigheas. Déanann an coiste léirmheas chomh maith ar na tuarascálacha suntasacha go léir a fhaigheann an Bord ó na hiniúchóirí seachtracha, chomh maith le léirmheas ar na freagraí a thugann an bhainistíocht orthu seo agus déanann sé moltaí bunaithe ar aon ábhar a thagann aníos. Cuirtear aon chomhfhreagras leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, an Litir faoi Bhainistiú Iniúchta san áireamh agus ábhair a thagann aníos, faoi bhráid an Choiste Iniúchta agus an Bhoird reachtúil. Cinntíonn sé seo go ndéantar freastal ar ábhair a thagann aníos. Tá mé in ann a dheimhniú go bhfuil freastal déanta ar na hábhair go léir a tháinig aníos ó Iniúchadh 2005 agus gur glacadh leis na moltaí a rinneadh.

   Caithfidh an Coiste Iniúchta tuarascáil fhoirmiúil a chur ar fáil taobh istigh de trí mhí ó dheaireadh na bliana féilire, a chuireann síos ar a chuid gníomhaíochtaí, in eineacht le haon chomhairle nó moltaí a cheapann sé abheith cuí. Ghlac an Bord leis an tuarascáil do 2006 ag an gcruinniú ar 20 Aibreán 2007.

4. Tá mé in ann a dheimhniú gur lean an Bord le athbreithniú a dhéanamh ar eifeachtach rialuithe inmhéanacha airgeadais sa bhlian dar críoch 31 Nollaig 2006.

Cathaoirleach
23 Iúil 2007

# Ciste um Chúnamh Dlíthiúil Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta 2006

**Ginearálta**
Tá an Ciste Cúnamh Dlíthiúil, a fhorálann Mír 19 den Acht um Cúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995, dó, á bhainistiú ag Bord Cúnaimh Dhlíthiúil ceaptha ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Is é atá sa chiste ná acmhainní airgeadais go léir an Bhoird. I 2006, bhí an Ciste ag feidhmiú as 33 ionad lán-aimseartha agus i 12 ionad páirtaimseartha ar fud na tíre.

**Bunús na cuntasaíochta**
Déantar na ráitis airgeadais faoin modh fabhruithe cuntasóireachta, ach amháin mar a léirítear thíos agus de réir prionsabail chuntasóireachta a bhfuil glacadh forleathan leo faoin choinbhinsiún costais stairiúil. Glactar le Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais molta ag na comhlachtaí cuntasóireachta aitheanta de réir mar a thagann siad i bhfeidhm.

**Gnóthas Leantach**
Is comhlacht reachtúil é an Bord um Chúnamh Dlíthiúil atá bunaithe faoi an tAcht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta. Déantar maoiniú ar ghníomhachtaí an Bhoird d'fhormhór ó dheontas i gcabhair agus maoiniú Státchiste uaidh an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

Le linn na bliana airgeadais rinne an Bord staidéar forleathan chun teacht ar measúnú na ndliteanas fhabhraithe, go háirithe Táillí Abhcóidí agus seirbhísí na gcleachtóirí Príobháideacha.

Léiríonn an Clár Comhardaithe ag 31ú Nollaig 2006 go bhfuil na dliteanais €3,124,984 níos mó ná na sócmhainní. Tarlaíonn an easnamh seo mar gheall ar an difríocht idir uainiú fála an mhaoinithe chun dliteanais seirbhísí dlíthiúla a íoc ar an dáta dlite agus an foráil do na dliteanais seo atá aitheanta sna cuntais faoin modh fabhruithe cuntasóireachta.

Fuarthas litir tacaíochta leanúnach uaidh an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ag deimhniú go maoineofar ghníomhachtaí an Bhoird sna todhchaí.

Glacann an Bord leis an seasamh go bhfuil an gnás cuntasaíochta ar bhunús gnóthais leantach i bhfeidhm ar na cuntais a léiríonn oibríochtaí an Bhoird a fhad is a mhaireann forálacha An Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta 1995.

Níl an Bord ar aon eolas faoi athbhreithniú ar a chuid oibríochtaí nó rún lena ngníomhaíochtaí a chur ar fionraí nó iad a chumascadh le eagraíochtaí eile. Meastar mar sin go bhfuil sé oiriúnach glacadh le bunús gnóthais leantaigh chun na ráitis airgeadais a ullmhú.

**Deontais Stáit**
Tabharfar cuntas ar Ioncam faoin gceannteideal seo ar bhunús admhálacha airgid thirim.

**Ranníocaíochtaí ó dhaoine le cúnamh**
Mar thoradh ar chineál an ioncaim seo i.e. ranníocaíochtaí ó dhaoine nach bhfuil ach acmhainní teoranta acu, meastar go bhfuil sé ciallmhar cuntas a thabhairt ar a leithéid d'ioncam ar bhunús admhálacha airgid thirim. Is é an méid inbhailithe measta a bhí ann 31 Nollaig 2006 ná 22,000. Ní dhearnadh aon díscríobh ar dhrochfhiacha i 2006.

**Costais aisghafa**
Is féidir leis an mBord na costais a bhaineann le seirbhísí dlíthiúla a chur ar fáil, a fháil ar ais ó:
(a) pháirtí eile an aighnis, mar thoradh ar ordú cúirte nó mar chuid de shocrú chun aighneas a réiteach, nó
(b) an duine a fhaigheann cúnamh dlíthiúil, as airgead/sealúchas a fuair an duine mar thoradh ar sholáthar na seirbhísí dlíthiúla.

**Sócmhainní Seasta agus Luachlaghdú**
Léirítear sócmhainní seasta ar an gClár Comhardaithe ag an gcostas, lúide an luachlaghdú carnta. Déantar luachlaghdú a mheas thar shaol úsáideach na sócmhainní, le modh na líne dírí. Gearrtar é ag na rátaí bliantúla seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Léasanna, troscán oifige agus trealamh, trealamh ríomhaireachta agus feistiú áitribh | 20% |

Gearrtar luachlaghdú leathbhliana sa bhliain inar ceannaíodh an tsócmhainn agus sa bhliain ina bhfaightear réidh leis.

**Cistí na gCliant**
Léiríonn na cistí seo na hollmhéideanna móide ús fabhraithe, a bhí á gcoinneáil ag an mBord ag 31 Nollaig 2006, de bhun dámhachtana nó socruithe déanta ar mhaithe le cliaint a raibh an Bord ag feidhmiú dóibh. Is féidir leis an mBord costas iomlán seirbhísí dlíthiúla den sórt sin a aisghabháil astu agus íoctar an chuid eile leis an duine a rabhthas ag feidhmiú ar a shon.

**Cuntas Caipitil**
Léiríonn an Cuntas Caipitil méid neamh-amúchta an ioncaim a úsáideadh le sócmhainní seasta a cheannach.

**Aoisliúntais**
Oibríonn an Bord um Chúnamh Dlíthiúil scéim aoisliúntais de shochair shainmhínithe, a mhaoinítear go bliantúil ar bhunús chaiteachas reatha, ó airgead a bhfuil ar fáil dó, lena n-áirítear airgead a chuireann an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionanais agus Athchóirithe Dlí ar fáil, agus ranníocaíochtaí a bhaintear ó thuarastail na n-aturnaetha.

Léiríonn costais aoisliúntais na sochair aoisliúntais a bhfuil tuilte ag foireann aturnaetha an Bhoird sa tréimhse, agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí aoisliúntais fhoireann an Bhoird, a choimeadann an Bord um Chúnamh Dlíthiúil. Aithnítear mar ioncaim méid comhfhreagrach le costas na n-aoisliúntas sa mhéid go bhfuil sé inaisghafa, agus go ndéantar é a chúiteamh le deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí aoisliútais a urscaoileadh.

Taispeántar gnóthachain agus cailliúintí achtúireach ar dhliteanais na scéime sa Ráiteas de na Gnóthachain agus Cailliúintí Iomlána Aitheanta (RGCIA) agus aithnítear ceartú comhfhreagrach sa mhéid a bhfuil in-athghafa ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

Léiríonn dliteanais aoisliúntais luach láithreach na n-íocaíochtaí aoisliúntais sa todhchaí a bhfuil tuilte ag foireann aturnaetha an Bhoird go dtí seo. Léiríonn an maoiniú pinsean iarchurtha an sócmhainn comhfhreagrach a bhfuil le athghabháil i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

**Forálacha**
Aithnítear foráil nuair a éiríonn oibleagáid (cibé acu dlíthiúil nó inchiallaithe)as rud a tharla, agus go bhfuil an chosúlacht ann go gcaithfear tairbhe eacnamaíoch a aistriú chun an oibleagáid a réiteach gur féidir teacht air go cruinn.

Tagann An Bord um Chúnamh Dlíthiúil ar meastachán gach bliain, faoi chásanna atá ar siúl go fóill, chun teacht ar méid na forála a nochtaíodh sna cuntais. Is meastachán é seo de mhéid an chaiteachais is gá chun aon oibleagáid a ghlanadh ag dáta an chláir comhardaithe. Ar bhonn na sonraí is déanaí tá glactha ag an Bord le teicnící tomhas atá ciallmhar chun teacht ar meastachán na forála.

Ní chuirtear aon ioncam san áireamh i gcomhair Cásanna a d'fhéadfadh a gcuid costais a aisghabháil.

# Ciste um Chúnamh Dlíthiúil
# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais


don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

| | Nóta | 2006 € | 2006 € | 2005 € | 2005 € |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | | | |
| Maoiniú Stáit | 1 | **29,638,760** | | 30,588,000 | |
| Maoiniú iarchurtha glan do phinsin | 2b | **2,523,600** | | 2,320,00 | |
| Ranníocaíochtaí ó dhaoine a fuair cúnamh | | **497,473** | | 485,507 | |
| Costais aisghafa | | **1,347,433** | | 676,183 | |
| Ioncam Eile | 3 | **1,095,752** | | 390,256 | |
| | | | **35,103,018** | | 34,459,946 |
| Aistriú ón gcuntas Caipitil | 4 | | **296,873** | | 323,698 |
| | | | **35,399,891** | | 34,783,644 |
| **Caiteachas** | | | | | |
| Tuarastail agus costais bhainteacha eile | 5 | **18,175,888** | | 16,376,119 | |
| Costais Phinsean | 2c | **2,228,743** | | 2,082,177 | |
| Táillí bhaill an Bhoird | | **105,795** | | 86,724 | |
| Costais chóiríochta agus bhunaithe | 6 | **4,590,221** | | 4,290,252 | |
| Táillí agus costais dlí | 7 | **12,303,074** | | 9,227,246 | |
| Gnáthriarachán | 8 | **2,503,491** | | 2,362,296 | |
| Luachlaghdú | 9 | **1,102,556** | | 1,443,412 | |
| Táille Iniúchta | | **17,600** | | 16,800 | |
| | | | **41,027,368** | | 35,885,026 |
| Easnamh don bhliain | | | **(5,627,477)** | | (1,101,382) |
| Comhardú tosaigh 1 Eanáir | | | **526,443** | | 1,627,825 |
| Comhardú deiridh 31 Nollaig | | | **(5,101,034)** | | 526,443 |

Baineann an t-ioncam agus an caiteachas go léir don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 le gníomhaíochtaí leanúnacha.

Tá an Ráiteas um Pholasaithe Cuntasaíochta agus an Ráiteas um Shreabhadh Airgeadais mar chuid de na ráitis airgeadais seo, in éineacht le Nótaí 1 go 18.





**Cathaoirleach** **Príomhfheidhmeannach**

**23 Iúil 2007**

# Ciste um Chúnamh Dlíthiúil Ráiteas de na Gnóthachain agus Cailliúintí Iomlána Aitheanta faoi mar a bhí 31 Nollaig 2006


| | Nóta | 2006 € | 2005 € |
|---|---|---|---|
| Easnamh / Barrachas don bhliain | | **(5,627,477)** | (1,101,382) |
| (Gnóthachain) / cailliúintí ó thaithí ar dhliteanas na scéime pinsean | | **1,579,000** | (820,000) |
| Athruithe ar bhoinn tuisceana ar luach reatha dhliteanais na scéime pinsean | | **0** | 0 |
| **(Gnóthachan) / cailliúint achtúireach ar dhliteanais phinsean** | 2e | **1,579,000** | (820,000) |
| **Ráiteach ar maoiniú iarchurtha pinsean** | | **(1,579,000)** | 820,000 |
| **Iomlán gnóthacháin / cailliúintí aitheanta** | | **(5,627,477)** | (1,101,382) |

Baineann an t-ioncam agus an caiteachas go léir don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 le gníomhaíochtaí leanúnacha.

Tá an Ráiteas um Pholasaithe Cuntasaíochta agus an Ráiteas um Shreabhadh Airgeadais mar chuid de na ráitis airgid seo, in éineacht le Nótaí 1 go 18.



**Chairperson**
**23 July 2007**



**Chief Executive**

# Ciste um Chúnamh Dlíthiúil
# Clár Comhardaithe


faoi mar a bhí 31 Nollaig 2006

| | | 2006 | | 2005 | |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Nóta** | **€** | **€** | € | € |
| **Sócmhainní Seasta** | 9 | | **1,976,050** | | 2,272,923 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Airgead tirim sa bhanc ar láimh | | **3,513,210** | | 4,627,112 | |
| Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí | 10 | **581,034** | | 481,404 | |
| | | **4,094,244** | | 5,108,516 | |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | | | |
| Creidiúnaithe agus fabhruithe | 11 | **7,687,331** | | 3,691,957 | |
| Cistí na gCliant | 12 | **1,507,947** | | 890,113 | |
| | | **9,195,278** | | 4,582,070 | |
| **(Glandliteanais) / Glansócmhainní reatha** | | | **(5,101,034)** | | 526,443 |
| **Iomlán na sócmhainní, lúide na dliteanais roimh phinsin** | | | **(3,124,984)** | | 2,799,366 |
| Maoiniú iarchurtha pinsean | 2d | | **23,602,600** | | 19,500,000 |
| Dliteanais Phinsean | 2e | | **(23,602,600)** | | (19,500,000) |
| | | | **0** | | 0 |
| **Iomlán na Sócmhainní** | | | **(3,124,984)** | | 2,799,366 |
| **Is ionann iad agus:** | | | | | |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | | **(5,101,034)** | | 526,443 |
| Cuntas Caipitil | 4 | | **1,976,050** | | 2,272,923 |
| | | | **(3,124,984)** | | 2,799,366 |

Tá an Ráiteas um Pholasaithe Cuntasaíochta agus an Ráiteas um Shreabhadh Airgeadais mar chuid de na ráitis airgeadais seo, in éineacht le Nótaí 1 go 18.



**Cathaoirleach**
**23 Iúil 2007**



**Príomhfheidhmeannach**

# Ciste um Chúnamh Dlíthiúil
# Ráiteas um Shreabhadh Airgid Thirim

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

| | Nóta | 2006 € | 2005 € |
|---|---|---|---|
| (Eis-sreabhadh)/insreabhadh glan d'airgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibrithe | 14 | **(408,133)** | 1,893,774 |
| Tuairisceáin ó infheistíochtaí agus ó sheirbhísiú airgeadais | | | |
| Ús Faighte | | **108,711** | 88,754 |
| Ús íoctha ar shocruithe cliant | | **(17,977)** | (16,307) |
| Gníomhaíochtaí Infheistíochta | | | |
| Díol Sócmhainní Inláimhsithe | | **0** | 5,069 |
| Ceannach Shócmhainní Inláimhsithe | | **(796,503)** | (1,123,007) |
| Insreabhadh Glan d'Airgead Tirim | | **(1,113,902)** | 848,284 |
| Laghdú ar airgead tirim | 15 | **(1,113,902)** | 848,284 |

Tá an Ráiteas um Pholasaithe Cuntasaíochta, in éineacht le Nótaí 1 go 18, mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

**Cathaoirleach**
**23 Iúil 2007**

**Príomhfheidhmeannach**

# Ciste um Chúnamh Dlíthiúil
# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

**1 Maoiniú Stáit**

Fuarthas Maoiniú Stáit ó Vóta 19 – Oifig an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí mar seo a leanas:

| | 2006 € | 2005 € |
|---|---|---|
| Fo-mhírcheann: | | |
| C.2 Deontas i gcabhair | **21,913,000** | 21,362,000 |
| D.2 Tascfhórsa um Lucht Iarrtha Tearmainn-Cúnamh Dlíthiúil* | **7,725,760** | 9,226,000 |
| | **29,638,760** | 30,588,000 |

* Cuireadh an maoiniú seo ar fáil don chaiteachas a thabhaigh an tSeirbhís Dhlíthiúil do Dhídeanaithe. Féach Nóta 16

**2 Costais Phinsean**

**(a). Scéim na bPinsean**

Oibríonn an Bord um Chúnamh Dlíthiúil scéim aoisliúntais de shochair shainmhínithe do dhlíodóirí. Íoctar teidlíochtaí Aoisliúntais a eascraíonn as an scéim as ioncam reatha agus gearrtar iad ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais, glan ar ranníocaíochtaí aoisliúntais na bhfostaithe, sa bhliain ina bhfuil siad iníoctha. Tá na torthaí atá leagtha amach thíos bunaithe ar luacháil achtúireach ar na dliteanais ó thaobh fhoireann aturnaetha an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil de, faoi mar a bhí i gceist 31 Nollaig 2006. Rinneadh an luacháil ag achtúire cáilithe agus neamhspleách de réir aidhme an chaighdeáin chuntasaíochta, Caighdeán 17 um Thuairisciú Airgeadais-Sochair Scoir (CTA 17). Seo a leanas na boinn tuisceana airgeadais chun dliteanais scéime a áireamh chun críche CTA 17:

| | At 31/12/06 | At 31/12/05 | At 31/12/2004 |
|---|---|---|---|
| Ráta Lascaine | **5.5%** | 5.5% | 5.5% |
| Bonn tuisceana um méadú tuarastail | **4.0%** | 4.0% | 4.0% |
| Bonn tuisceana um méadú pinsean | **4.0%** | 4.0% | 4.0% |
| Boilsciú Praghsanna | **2.0%** | 2.0% | 2.0% |

Ar bhunús na mbonn tuisceana seo, agus an modh aonaid réamh-mheasta atá forordaithe ag CTA 17 in úsáid, measadh gurbh é luach na ndliteanas fabhraithe maidir le dlíodóirí an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil ar an 31 Nollaig 2006 ná €23.6m (le hais €19.5m ar an 31 Nollaig 2005).

**(b). Maoiniú Pinsean Iarchurtha Glan sa bhliain**

| | 2006 € | 2005 € |
|---|---|---|
| Maoiniú in-athghafa maidir le costais phinsean na bliana reatha | **2,600,000** | 2,400,000 |
| Deontas stáit curtha i bhfeidhm chun pinsinéirí a íoc | **(76,400)** | (80,000) |
| | **2,523,600** | 2,320,000 |

**(c). Anailís ar chostais iomlána pinsean a gearradh ar Chaiteachas**

| | 2006 € | 2005 € |
|---|---|---|
| Costas seirbhísí reatha | **1,500,000** | 1,400,000 |
| Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsean | **1,100,000** | 1,000,000 |
| Ranníocaíochtaí Fhostaithe | **(371,257)** | (317,823) |
| | **2,228,743** | 2,082,177 |

**(d). Sócmhainn Mhaoinithe Iarchurtha do Phinsin**

Aithníonn an Bord um Chúnamh Dlíthiúil na méideanna seo mar shócmhainn a bhaineann leis an dliteanas iarchurtha neamhmhaoinithe do phinsin ar bhunús tacar na mbonn tuisceana a bhfuil cur síos orthu thuas chomh maith le roinnt eachtraí ón am a chuaigh thart.
I measc na n-eachtraí sin bhí bunús reachtúil bhunú na scéimeanna aoisliúntais, agus an polasaí agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le maoiniú phinsin na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear rannaíocaíochtaí fhostaithe agus próiseas bliantúil na meastacháin.
Cé nach bhfuil aon socrú foirmiúil ann leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí maidir leis na méideanna Sonracha seo, níl aon fhianaise ag an mBord nach leanfaidh an polasaí maoinithe de bheith ag comhlíonadh na suimeanna seo de réir an chleachtais reatha. Ba ionann an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha do phinsin ar an 31 Nollaig 2006 agus €23.6m (€19.5m i 2005).

| **(e). Gluaiseacht i rith na bliana airgeadais i nDliteanas Glan Pinsean** | **2006** | 2005 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| Dliteanas glan pinsean ar 1 Eanáir | **19,500,000** | 18,000,000 |
| Costas Seirbhíse Reatha | **1,500,000** | 1,400,000 |
| Costais Úis | **1,100,000** | 1,000,000 |
| (Gnóthachain)/Cailliúint Achtúireach | **1,579,000** | (820,000) |
| Pinsin a íocadh i rith na bliana | **(76,400)** | (80,000) |
| Dliteanas Glan Pinsean ar 31 Nollaig | **23,602,600** | 19,500,000 |

| **(f). Stair ghnóthachan agus cailliúintí ó thaithí** | **2006** | 2005 | 2004 |
|---|---|---|---|
| | **€** | € | € |
| Gnóthachain/cailliúintí ó thaithí ar dhliteanais na scéime | | | |
| Méid (€) | **1,579,000** | (820,000) | 310,000 |
| Céatadán luach reatha dhliteanas na scéime | **7%** | (4%) | 2% |
| Méid iomlán a aithníodh sa RGCIA | | | |
| Méid (€) | **1,579,000** | (820,000) | 2,670,000 |
| Céatadán de luach reatha dhliteanais na scéime | **7%** | (4%) | 15% |

| **3. Ioncam Eile** | **2006** | 2005 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ús faighte agus infhaighte | **98,300** | 87,326 |
| Admhálacha Éagsúla* | **997,452** | 302,930 |
| | **1,095,752** | 390,256 |

*Is ionann admhálacha éagsúla go príomha agus lacáiste cíosa i leith Montague Court

| **4. Cuntas Caipitil** | **2006** | 2005 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| Iarmhéid ar 1 Eanáir | | 2,272,923 |
| Aistriú chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais | | |
| - Ioncam a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach | **805,683** | |
| - An méid a scaoileadh ar dhiúscairt sócmhainní seasta | **0** | |
| - Ioncam amúchta sa bhliain de réir luachlaghdaithe na sócmhainní | **(1,102,556)** | |
| | | (296,873) |
| Comhardú ar 31 Nollaig | | 1,976,050 |

# Ciste um Chúnamh Dlíthiúil
# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

**5. Líon agus Costais Fhostaithe**

Is é an líon iomlán foirne a d'fhaomh an tAire ar 31 Nollaig 2006 ná 384 fostaí. Is é an fíor-líon foirne atá fostaithe ag an mBord ar 31 Nollaig 2006 ná 389 fostaí (2005-383 fostaí). Is é an meánlíon a bhí fostaithe ag an mBord i rith na bliana ná 387 fostaí (2005-380 fostaí). Seo a leanas costais fhostaithe agus costais bhainteacha eile:

| | **2006** | 2005 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| Tuarastail | **16,880,964** | 15,221,797 |
| Costais Fhoirne ó Ghníomhaireachtaí agus ar Iasacht | **54,281** | 51,139 |
| ÁSPC Fostóra | **1,240,643** | 1,103,183 |
| | **18,175,888** | 16,376,119 |

| **6. Costas chóiríochta agus bhunaithe** | **2006** | 2005 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| Cíos | **2,717,830** | 2,687,411 |
| Glantachán | **331,304** | 295,654 |
| Soilse agus Teas | **299,109** | 197,547 |
| Cothabháil - Áitribh | **713,129** | 874,417 |
| Cothabháil - Trealamh | **528,849** | 235,223 |
| | **4,590,221** | 4,290,252 |

| **7. Táillí agus costais dhlíthiúla** | **2006** | 2005 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| Táillí Abhcóidí | **6,846,818** | 5,376,326 |
| Táillí Dhlíthiúla | **994,311** | 979,925 |
| Scéimeanna na gCleachtóirí Príobháideacha | **3,033,894** | 1,781,617 |
| Táillí gairmiúla eile | **742,700** | 501,091 |
| Costais eile | **685,351** | 588,287 |
| | **12,303,074** | 9,227,246 |

| **8. Gnáthnaracháir** | **2006** | 2005 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| Páipéarachas, costais oifige agus traenála | **472,919** | 399,461 |
| Leabhair agus clódóireacht | **100,577** | 147,985 |
| Postas agus guthán | **894,442** | 894,141 |
| Árachas | **253,897** | 216,362 |
| Taisteal agus cothú | **781,656** | 704,347 |
| | **2,503,491** | 2,362,296 |

**9. Sócmhainní Seasta**

| | Léasanna | Troscán Oifige | Trealamh & Ríomhairí | Feistiú an Áitribh | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| **Costas** | | | | | |
| Comhardú ar 01/01/06 | 2,236,152 | 1,172,654 | 6,034,464 | 2,496,959 | 11,940,229 |
| Éadálacha | 0 | 71,092 | 350,323 | 384,268 | 805,683 |
| Diúscairtí | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Comhardú ar 31/12/06 | 2,236,152 | 1,243,746 | 6,384,787 | 2,881,227 | 12,745,912 |
| **Luachlaghdú na Sócmhainní Seasta** | | | | | |
| Comhardú ar 01/01/06 | 1,626,404 | 1,044,394 | 5,005,767 | 1,990,741 | 9,667,306 |
| Táille gearrtha sa bhliain | 212,127 | 72,969 | 441,918 | 375,542 | 1,102,556 |
| Diúscairti | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Comhardú ar 31/12/06 | 1,838,531 | 1,117,363 | 5,447,685 | 2,366,283 | 10,769,862 |
| Glanluach Leabhar ar 31/12/06 | 397,621 | 126,383 | 937,102 | 514,944 | 1,976,050 |
| Glanluach Leabhar ar 31/12/05 | 609,748 | 128,260 | 1,028,697 | 506,218 | 2,272,923 |

**10. Féichiúnaithe agus Rémhíocaíochtaí**

| | 2006 | 2005 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Féichiúnaithe – ús ar an taisce | **103,216** | 85,661 |
| Réamhíocaíochtaí | | |
| - Cíos | **130,183** | 124,945 |
| - Árachas | **115,119** | 171,395 |
| - Tuarastail | **10,777** | 8,414 |
| - Eile | **221,739** | 90,989 |
| | **581,034** | 481,404 |

**11. Creidiúnaithe agus fabhruithe**

| | 2006 | 2005 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Méideanna dlite i mbliain amháin: | | |
| Creidiúnaithe fabhruithe | **7,687,331** | 3,691,957 |
| | **7,687,331** | 3,691,957 |

# Ciste um Chúnamh Dlíthiúil
# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

## 12. Cistí na gCliant

| | | € |
|---|---|---|
| Cistí na gcliant a gcoinneáil ar 1ú Eanáir (ús glan) | | 875,417 |
| Móide | Dámhachtainí/socraíochtaí airgid faighte i rith 2006 | 13,254,201 |
| Lúide | Socraíochtaí a íocadh amach, ús ceadaithe agus costais aisfhaighte san áireamh | (12,646,361) |
| Cistí na gcliant i seilbh ar 31 Nollaig | | 1,483,257 |
| Ús ag fabhrú i gcistí client atá i seilbh | | 24,690 |
| Iomlán dlite do na cliaint | | 1,507,947 |

## 13. Tiomantais faoi léasanna oibrithe

Tá an Bord lonnaithe in áitribh i gCathair Saidhbhín, Contae Chiarraí agus i Sráid an Mhóta, Baile Átha Cliath agus tá sé ag feidhmiú I 34 ionad eile ar fud na tíre. Tá an Bord tiomanta chun cíos de €2,341,738 a íoc i 2007 maidir le léasanna a thagann in éag mar seo a leanas:

| | **€** |
|---|---|
| 2007 | 20,500 |
| 2008-2012 | 87,716 |
| 2013 ar aghaidh | 2,233,522 |

## 14. Comhardú idir an barrachas don bhliain agus airgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibrithe

| | **2006** | 2005 |
|---|---|---|
| | € | € |
| (Easnamh) / Barrachas don Bhliain | **(5,627,477)** | (1,101,382) |
| Leasú d'earraí neamhoibrithe | | |
| Ús Bainc Infhaighte | **(98,299)** | (87,326) |
| Gluaiseacht sa Chuntas Caipitil | **(296,873)** | (323,698) |
| Leasú d'earraí neamhairgid | | |
| Luachlaghdú | **1,102,556** | 1,443,412 |
| (Méadú) / Laghdú ar na Féichiúnaithe | **(82,075)** | (14,988) |
| Méadú / (Laghdú) ar na Creidiúnaithe | **4,594,035** | 1,977,756 |
| | **(408,133)** | 1,893,774 |

## 15. Gluaiseacht airgid thirim

| | **2006** | 2005 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| Comhardú ar 1 Eanáir | **4,627,112** | 3,778,828 |
| Insreabhadh glan d'airgead tirim | **(1,113,902)** | 848,284 |
| Comhardú ar 31 Nollaig | **3,513,210** | 4,627,112 |

**16. Seirbhís Dhlíthiúil do Dhídeanaithe**

Tá an caiteachas agus an t-ioncam a bhaineann leis an tSeirbhís Dhlíthiúil do Dhídeanaithe san áireamh sna ráitis airgeadais mar seo a leanas:

| | 2006 € | 2005 € |
|---|---|---|
| Tuarastail agus costais bhainteacha | **4,685,482** | 4,388,626 |
| Costais chóiríochta | **1,737,362** | 1,733,875 |
| Táillí Dlíthiúla agus táillí gairmiúla | **2,374,057** | 2,365,031 |
| Gnáthriarachán | **499,304** | 574,054 |
| Sócmhainní seasta a ceannaíodh | **357,174** | 377,913 |
| | **9,653,379** | 9,439,499 |
| Lúide na ranníocaíochtaí ó dhaoine le cúnamh dlíthiúil agus costais aisghafa | **(765,826)** | (281,959) |
| Caiteachas iomlán glan sa bhliain | **8,887,553** | 9,157,540 |

**17 Figiúirí Comparáideacha**

Rinneadh athrú ar léiriú ábhar áirithe sna ráitis airgeadais agus rinneadh athléiriú ar na figiúir chomparáideacha mar ba ghá, ar bhunús atá chomhsheasmhach le léiriú na bliana reatha.

**18 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais**

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais ar 20 Iúil 2007.

# Aguisín 2
## Staitisticí Breise

### Tábla I – Cásanna comhairle dhlíthiúil

| Bliain | 2006 | 2005 | 2004 |
|---|---|---|---|
| Dlí Teaghlaigh | 2,651 | 2,353 | 2,437 |
| Tíolacadh | 275 | 328 | 356 |
| Cúrsaí Sibhialta eile | 757 | 655 | 669 |
| **Iomlán** | **3,683** | **3,336** | **3,462** |

### Tábla I.A – Miondealú ar cásanna maidir le comhairle dhlíthiúil

| Comhairle amháin de réir ábhair | Líon na gcásanna |
|---|---|
| Idirscaradh | 1,078 |
| Dlí eile nach mbaineann le teaghlaigh | 524 |
| Colscaradh | 400 |
| Cúram/rochtain/caomhnóireacht | 334 |
| Dlí Teaghlaigh eile | 327 |
| Cothabháil | 299 |
| Tíolacadh | 275 |
| Foréigean teaghlaigh | 143 |
| Uchtanna/probháid/riarachán | 115 |
| Cúram Leanaí | 93 |
| Gortú Pearsanta | 76 |
| Neamhniú | 24 |
| Dlí Fostaíochta | 21 |
| Fuadach Páistí | 9 |
| Iarratais faoi Ciontóra Gnéis | 2 |
| Iomlán | **3,720** |

### Tábla II – Cásanna um chúnamh dlíthiúil

| Bliain | 2006 | 2005 | 2004 |
|---|---|---|---|
| Colscaradh/idirscaradh/neamhniú | 5,742 | 5,363 | 5,553 |
| Cúram Leanaí | 633 | 557 | 511 |
| Cúrsaí dlí teaghlaigh eile | 2,318 | 2,053 | 2,150 |
| Cúrsaí Sibhialta eile | 778 | 923 | 751 |
| **Iomlán** | **9,471** | **8,896** | **8,965** |

### Tábla II.A – Miondealú ar cásanna maidir le comhairle dhlíthiúil

| Imeachtaí Cúirte de réir ábhair | Líon na gcásanna |
|---|---|
| Colscaradh | 3,065 |
| Idirscaradh | 2,581 |
| Cúram/rochtain/caomhnóireacht | 836 |
| Cothabháil | 768 |
| Cúram Leanaí | 633 |
| Foréigean Teaghlaigh | 525 |
| Dlí eile nach mbaineann le teaghlaigh | 452 |
| Dlí Teaghlaigh eile | 338 |
| Fuadach Páistí | 115 |
| Gortú Pearsanta | 100 |
| Neamhniú | 96 |
| Uchtanna/probháid/riarachán | 38 |
| Iarratais faoi Ciontóra Gnéis | 22 |
| Dlí Fostaíochta | 8 |
| Iomlán | **9,577** |

### Tábla III – Stádas na gcásanna ag 31 Nollaig 2006

| Bliain | Comhlánaithe | Gníomhach ag 31ú Nollag | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Cúnamh | 3,753 | 5,718 | 9,471 |
| Comhairle | 1,202 | 2,481 | 3,683 |
| Iomlán | **4,955** | **8,199** | **13,154** |

### Tábla IV – Iarratais Nua Tearmainn agus cliaint nua SDD

| Bliain | Iarratais Nua Tearmainn | Cliaint Nua SDD | SDD Cliaint Nua mar % de Iarratais nua |
|---|---|---|---|
| **1999** | 7,800 | 1,600 | 20% |
| **2000** | 11,000 | 3,400 | 30% |
| **2001** | 10,300 | 4,500 | 45% |
| **2002** | 11,600 | 5,700 | 50% |
| **2003** | 7,900 | 5,600 | 70% |
| **2004** | 4,800 | 3,500 | 75% |
| **2005** | 4,320 | 3,330 | 77% |
| **2006** | 4,310 | 2,980 | 69% |

Tábla V – Cinneadh/ordú faoi réir athbhreithnithe bhreithiúnaí i 2006

| Cinneadh/Ordú | Líon na gcásanna |
|---|---|
| Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe | 13 |
| Binse Achomhairc do Dhídeanaithe | 43 |
| Ordú Díbeartha | 7 |
| Ordú Aistrithe | 3 |

Tábla VI – Agaí Feithimh i leith Ionad Dlí

| Ionad Dli | Míonna Feithimh 31ú Nollaig 06 | Míonna Feithimh 31ú Nollaig 05 | Míonna Feithimh 31ú Nollaig 04 |
|---|---|---|---|
| Átha Luain | 1 | 3 | 3 |
| Baile Bhlainséir | 2 | 3 | 11 |
| Caisleán an Bharraigh | 1 | 1 | 4 |
| An Cabhán | 0 | 1 | 4 |
| Cluain Dolcáin | 3 | 3 | 3 |
| Corcaigh –Cé an Phápa | 2 | 3 | 2 |
| Corcaigh –Mall Theas | 1 | 3 | 11 |
| Dún Dealgan | 0 | 1 | 5 |
| Inis | 1 | 3 | 9 |
| Fionnghlas | 2 | 1 | 15 |
| Gaillimh | 2 | 2 | 4 |
| Sráid Gardiner | 2 | 1 | 8 |
| Cill Chainnigh | 1 | 4 | 7 |
| Leitir Ceanainn | 3 | 4 | 8 |
| Luimneach | 1 | 1 | 3 |
| Longfort | 0 | 0 | 0 |
| Muineachán | 0 | 1 | 4 |
| An Uaimh | 3 | 2 | 10 |
| An tAonach | 2 | 3 | 6 |
| An Droichead Nua | 2 | 3 | 20 |
| Sráid Brunswick Thuaidh | 1 | 2 | 4 |
| Cé Urmhumhan | 1 | 2 | 3 |
| Port Laoise | 3 | 4 | 10 |
| Sligeach | 1 | 2 | 2 |
| Tamhlacht | 2 | 3 | 6 |
| Trá Lí | 3 | 4 | 4 |
| Tulach Mhór | 2 | 3 | 3 |
| Port Láirge | 2 | 2 | 3 |
| Loch Garman | 2 | 3 | 6 |
| Cill Mhantáin | 1 | 2 | 15 |

# Aguisín 3
## Ionaid Dlí

### FULL TIME LAW CENTRES

| IONAD DLÍ | ATURNAE BAINISTITHE |
|---|---|
| **AN CABHÁN** | |
| Ionad Siopadóireachta Newcourt, Sráid an Teampaill, An Cabhán<br>Fón: (049) 433 1110 Facs: (049) 433 1304 | Mary Pat Ahern |
| **AN CLÁR** | |
| Aonad 6A, Cearnóg na gCeannaithe, Inis, Co. An Chláir<br>Fón: (065) 682 1929 Facs: (065) 682 1939 | Mary Cuffe |
| **CORCAIGH** | |
| Teach an Ché Thuaidh , Cé an Phápa, Corcaigh<br>Fón: (021) 455 1686 Facs: (021) 455 1690 | Betty Dinneen |
| 1A ,Malla Theas, Corcaigh<br>Fón: (021) 427 5998 Facs: (021) 427 6927 | Shane Dooley |
| **DÚN NA NGALL** | |
| Teach Houston , An tSráid Mhór, Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall<br>Fón: (074) 912 6177 Facs: (074) 912 6086 | Ray Finucane |
| **DUBLIN** | |
| 45 Sráid Gardiner Íochtarach, Baile Átha Cliath 1<br>Fón: (01) 874 5440 Facs: (01) 874 6896 | Kevin Liston |
| 9 Cé Urmhumhan Íochtarach ,Baile Átha Cliath 1<br>Fón: (01) 872 4133 Facs: (01) 872 4937 | Hugh Cunniam (Acting) |
| Ionad an Túir, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22<br>Fón: (01) 457 6011 Facs: (01) 457 6007 | Tom Nally |
| Faiche an tSráidbhaile, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24<br>Fón: (01) 451 1519 Facs: (01) 451 7989 | Pauline Corcoran |
| 44/49 An tSráid Mhór, Fionnghlas, Baile Átha Cliath 11<br>Fón: (01) 864 0314 Facs: (01) 864 0362 | Marie Quirke |
| 48/49 Sráid Brunswick Thuaidh, Lána Sheoirse, Baile Átha Cliath 7<br>Fón: (01) 646 9700 Facs: (01) 646 9799 | Hugh Cunniam |
| Aonad 6-8, An tIonad Gnó, Bóthar Chluain Saileach,<br>Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15<br>Fón: (01) 820 0455 Facs: (01) 820 0450 | Joan Crawford |
| **AONAD NA GCLEACHTÓIRÍ PRÍOBHÁIDEACHA** | |
| 7 – 11 Cúirt Montague, Sráid Montague, Baile Átha Cliath 2<br>Fón: (01) 4776200 Facs: (01) 4776241 | |
| **AONAD FAILLÍ MÍOCHAINE** | |
| 7 – 11 Cúirt Montague, Sráid Montague, Baile Átha Cliath 2<br>Fón: (01) 4776200 Facs: (01) 4776241 | Margaret O'Shea Grewcock |
| **GAILLIMH** | |
| 9 Sráid Naomh Phroinsias, Gaillimh<br>Fón: (091) 561650 Facs: (091) 563825 | Mary Griffin |
| **CIARRAÍ** | |
| 1 Plás Day, Trá Lí, Co Chiarraí<br>Fón: (066) 712 6900 Facs: (066) 712 3631 | Carol Anne Coolican |

| IONAD DLÍ | ATURNAE BAINISTITHE |
|---|---|
| **CILL DARA** | |
| Plás Canning, An Droichead Nua, Co Chill Dara<br>Fón: (045) 435777 Facs: (045) 435766 | Edel Poole |
| **CILL CHAINNIGH** | |
| 87 Sráid Maudlin, Cill Chainnigh<br>Fón: (056) 776 1611 Facs: (056) 776 1562 | Niall Murphy |
| **LAOIS** | |
| Aonad 6A, Sráid an Droichid, Port Laoise, Co Laois<br>Fón: (057) 8661366 Facs: (057) 8661362 | Catherine Martin |
| **LUIMNEACH** | |
| Aonad F, Cé Lock, Luimneach<br>Fón: (061) 314599 Facs: (061) 318330 | Fergal Rooney |
| **LONGFORT** | |
| Clós an Chomhair Creidmheasa, 50A An tSráid Mhór , Longfort<br>Fón: (043) 47590 Facs: (043) 47594 | Eugene Kelly |
| **LÚ** | |
| Teach Condil, Plás Roden, Dún Dealgan, Co Lú<br>Fón: (042) 933 0448 Facs: (042) 933 0991 | Deirdre McMichael |
| **MAIGH EO** | |
| Halla Humbert, An tSráid Mhór,<br>Caisleán an Bharraigh, Co Mhaigh Eo<br>Fón: (094) 902 4334 Facs: (094) 902 3721 | Thomas O' Mahony |
| **AN MHÍ** | |
| Bóthar an Chinnéide, An Uaimh, Co na Mí<br>Tel: (046) 907 2515 Facs: (046) 907 2519 | Patricia O'Reilly (Acting) |
| **MUINEACHÁN** | |
| Teach Alma, An Diamaint, Muineachán<br>Fón: (047) 84888 Facs: (047) 84879 | Stephanie Coggans |
| **UÍBH FHAILÍ** | |
| Sráid an Chuain, An Tulach Mhór<br>Fón: (057) 9351177 Facs: (057) 9351544 | Orla Connolly |
| **SLIGEACH** | |
| Teach Bridgewater, Paráid Rockwood, Sligeach<br>Fón: (071) 9161670 Facs: (071) 9161681 | Fiona McGuire |
| **TIOBRAID ÁRANN** | |
| Cúirt na Manach, Sráid na Mainistreach,<br>An tAonach, Co Thiobraid Árann<br>Fón: (067) 34181 Facs: (067) 34083 | Josephine Fair |
| **PORT LÁIRGE** | |
| Teach Cheanada, Sráid Cheanada, Port Láirge<br>Fón: (051) 855814 Facs: (051) 871237 | Aidan Lynch |

| IONAD DLÍ | ATURNAE BAINISTITHE |
|---|---|
| **AN IARMHÍ**<br>Lána Paynes, An Baile Gaelach, Áth Luain, Co na hIarmhí<br>Fón: (090) 647 4694 Facs: (090) 647 2160 | Phil O'Laoide |
| **LOCH GARMAN**<br>Aonad 8, Cearnóg Mhic Réamainn, Loch Garman<br>Fón: (053) 9122622 Facs: (053) 9124927 | Niamh Murran |
| **CILL MHANTÁIN**<br>Sráid an Droichid, Cill Mhantáin<br>Fón: (0404) 66166 Facs: (0404) 66197 | Barbara Smyth |
| **SEIRBHÍS DHLÍTHIÚIL NA NDHÍDEANAITHE**<br>48/49 Sráid Brunswick Thuaidh,<br>Lána Sheoirse, Baile Átha Cliath 7<br>Fón: (01) 646 9600 Facs: (01) 671 0200 | Frank Caffrey<br>Grainne Brophy |
| Teach an Ché Thuaidh, Cé an Phápa, Corcaigh<br>Fón: (021) 4554634 Facs: 021 4557622 | Bernadette McGonigle |
| Teach Seville, Bóthar an Duga Nua, Gaillimh<br>Fón: (091) 562480 Facs: (091)562599 | Cormac Faherty |
| **Oifig Clárúcháin**<br>Teach Timberlay,<br>79/83 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2<br>Fón: (01) 631 0800 Facs: (01) 661 5011 | |

## AONAID DLÍ PÁIRTAIMSEARTHA

| Áit agus fón | Ar oscailt | Ionad Dlí |
|---|---|---|
| **CEATHARLACH**<br>Oifig Eolais na Saoránach Naomh Caitríona,<br>Bóthar Naomh Seosamh, Ceatharlach.<br>Fón: (059) 9138700 | An Chéad agus<br>an Aoine dheireanach<br>de gach mhí | Cill Chainnigh |
| **CORCAIGH**<br>Ionad Eolais na Saoránach,<br>Cearnóg Wolf Tone, Beanntraí.<br>Fón: (021) 4551686 | Uair<br>sa mhí | (Cé an Phápa) |
| **DÚN NA NGALL**<br>An Teach Cúirte, Dún na nGall.<br>Fón: (074) 9126177 | Uair<br>sa mhí | Leitir Ceanainn |
| **CIARRAÍ**<br>52 An tSráid Ard, Cill Airne<br>Fón: (066) 7126900 | Gach maidin<br>Aoine | Trá Lí |
| **LIATROM**<br>An tIonad Sláinte,<br>Bóthar Liatroma, Cora Droma Rúisc.<br>Fón: (043) 47590 | Uair<br>sa mhí | Longfort |
| **LÚ**<br>Ionad Sheirbhísí Pobail Dhroichead Átha,<br>Scarlett Crescent, Droichead Átha.<br>Fón: (041) 9836084/9833490 | An Chéad agus<br>an Dara Máirt<br>de gach mhí | Baile Átha Cliath<br>Cé Urumhan |
| **MAIGH EO**<br>An tIonad Tréadach (Talamh na hArd Eaglaise)<br>an Átha, Co. Mhaigh Eo.<br>Fón: (094) 9024334 | Uair<br>sa mhí | Béal an ÁthaBéal |
| An tIonad Sláinte,<br>Bóthar Chnoic Mhuire, Béal Átha hAmhnais.<br>Fón: (094) 9024334 | An ceathrú Máirt<br>de gach mhí | Gaillimh |
| **ROS COMÁIN**<br>Ionad Eolais na Saoránach,<br>7 Sráid Ail Finn, Mainistir na Búille.<br>Fón: (071) 9161670 | Uair<br>sa mhí | Sligeach |
| **TIOBRAID ÁRANN**<br>Seirbhísí Sóisialta Pobail Dhurlais,<br>Sráid Rossa, Durlas.<br>Tel: (0504) 22169 | An Dara Máirt<br>de gach mhí | An tAonach |
| Ionad Eolais na Saoránach,<br>14 Sráid Wellington, Cluain Meala.<br>Fón: (052) 22267 | Tri nó ceithre<br>huaire sa mhi | An tAonach |
| **AN IARMHÍ**<br>An tIonad Fiontair,<br>Sráid Gheata an Easpaig, An Muileann gCearr.<br>Fón: (090) 6474694 | Uair<br>sa mhí | Baile Átha Luain |

# Aguisín 3
## Ionaid Dlí (ar lean)

### CLINICÍ EOLAIS SHEIRBHÍS DHLÍTHIÚIL NA NDÍDEANAITHE

Ní mór a thabhairt faoi deara go bhféadfadh áiteanna, amanna agus dátaí na gclinicí seo athrú de réir an éilimh a bhíonn ar an tseirbhís.

**Clinic Doras (Luimneach)**
Seoladh: Sráid Chnocán Naomh Alphonsus
An Cuarbhóthar Theas
Luimneach

Teagmháil: Suzanne / Ella – (061) 310328
Gach Aoine.

**Clinic Phort Láirge**
Seoladh: Aonad Eolais Mount Sion
Sráid na Beairice
Port Láirge

Teagmháil: (051) 874390
Gach Céadaoin.

**Clinic na hInse**
Seoladh: Comhairle Dhídeanaithe na hÉireann
Aonad 13 An Pháirc Gnó
Sráid Carmody
Inis
Co. an Chláir

Teagmháil: Karen / Comfort - (065) 6822026
Gach dara Luan.

**Clinic Átha Luain**
Seoladh: Ionad Cóiríochta Átha Luain
Lissywoolen
Bóthar Ballymahon
Áth Luain
Co. na hIarmhí

Teagmháil: Mattie - (09064) 91982
Gach dara Aoine.

**Clinic Shligigh**
Seoladh: An tIonad Acmhainní Teaghlaigh
An Mall
Sligeach

Teagmháil: Vincent /Orla - (071) 9137448
Gach dara Máirt.

**Clinic Thrá Lí**
Seoladh: Ionad Dlí Thrá Lí
1 Plás Day
Trá Lí
Co. Chiarraí

Teagmháil: (066) 7126945
Gach Luan agus gach dara Céadaoin.

**Clinic Chill Airne**
Seoladh: 54 An tSráid Ard
Cill Airne
Co. Chiarraí

Teagmháil: (064) 39617
Gach Lúain, Máirt agus dara Céadaoin.

**Clinic Chorcaí**
Seoladh: Seomraí Pluincéad
21-23 Sráid Oilibhéir Pluincéid
Cathair Chorcaí

Teagmháil: (021) 4806329
A mhinice is gá.

**Clinicí Bhaile Átha Cliath**
Seoladh: Teach Kilmacud
Bóthar Kilmacud Uachtarach
Stigh Lorgan
Co Bhaile Átha Cliath

Teagmháil: (01) 2786090
Gach Déardaoin.

Seoladh: Ionad Balseskin
Bóthar Naomh Maighréad
Fionnghlas
Baile Átha Cliath 11

Teagmháil: (01) 8646291
Gach Céadaoin.

Seoladh: An Chúirt Sheoirseach
Sráid Gardiner Íochtarach
Baile Átha Cliath 1

Teagmháil: (01) 8557872
An chéad agus an tríú Máirt.

Seoladh: Halla Hatch
Sráid Hatch Íochtarach
Baile Átha Cliath 2

Teagmháil: (01) 6762953
An chéad agus an tríú hAoine.

www.sourcedesign.ie

AN BORD UM CHÚNAMH DLÍTHIÚIL